



2023/2122

18.10.2023

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2023/2122 ÓN gCOIMISIÚN
an 12 Deireadh Fómhair 2023

lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a mhéid a bhaineann leis an bhfaireachán agus an tuairisciú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a thabhairt cothrom le dáta de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas maidir le trádáil liúntais gáis cheaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 14(1) agus Airteagal 30f(5) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Tar éis an leasaithe a rinneadh ar Threoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/958 ⁽²⁾ agus le Treoir (AE) 2023/959 ⁽³⁾ ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, tá gá le hathbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾ chun rialacha a ionchorprú a mbeidh feidhm acu maidir le suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh mar aon le rialacha a shonrú maidir le bithmhais agus bithghás, agus maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí próisis ó charbónáití agus ó ábhair nach carbónáití iad. Ba cheart forálacha maidir leis an eitlíocht a athbhreithniú. Leis an leasú, tugtar córas trádála astaíochtaí ar leithligh isteach freisin, ach ar córas trádála astaíochtaí comhthreomhar é a chuirtear i bhfeidhm maidir le breoslaí a úsáidtear le haghaidh dócháin in earnáil na bhfoirgneamh agus in earnáil an iompair de bhóthar mar aon le hearnálacha breise a chomhfhreagraíonn do ghníomhaíochtaí tionsclaíocha nach gcumhdaítear le hIarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ('earnáil na bhfoirgneamh, an iompair de bhóthar agus earnálacha breise'). Ba cheart forálacha agus iarscríbhinní nua maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí sna hearnálacha sin a chur leis an leasú. Ba cheart na forálacha agus iarscríbhinní atá ann faoi láthair maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí a oiriúnú dá réir sin.
- (2) Ba cheart sainithe nua a chur leis chun na leasuithe ar Threoir 2003/87/CE a léiriú, lena n-áirítear leathnú na rialacha faireacháin agus tuairiscithe chun earnálacha nua a chumhdach.
- (3) Leis an bpraghas tagartha seasta nuashonraithe a leagtar amach in Airteagal 18, is fearr a ailíneofar luach measta na dtairbhí leis an ngnáthphraghas carbóin. Praghas seasta a choimeád, ba cheart é a bheith d'aidhm aige sin go gcruthófar deimhneacht dhlíthiúil agus go laghdófar an t-ualach riaracháin i ngeall ar athruithe rialta ar an bplean faireacháin.
- (4) Rialacha nua maidir le bithmhais agus maidir le codán bithmhaise a chinneadh, is gá iad a leagan síos chun foráil a dhéanamh maidir le coigeartuithe is gá chun critéir inbhuanaitheachta maidir le bithmhais, lena n-áirítear bithbhreoslaí, bithleachtanna agus breoslaí bithmhaise, a chur i bhfeidhm i gCóras Trádála Astaíochtaí an Aontais (CTA AE). Déantar foráil maidir le hoiriúnú breise chun na rialacha atá ann faoi láthair a fheabhsú agus a ailíniú le forálacha Threoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, mar atá tugtha cothrom le dáta sna treoirghoiméid ábhartha cheana féin.

⁽¹⁾ IO L 275, 25.10.2003, lch. 32.

⁽²⁾ Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115).

⁽³⁾ Treoir (AE) 2023/959 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE lena mbunaítear scéim um liúntais astaíochtaí gás ceaptha teasa a thrádáil laistigh den Aontas, agus Cinneadh (AE) 2015/1814 i ndáil le cúlchiste cobhsaíochta margaidh a bhunú agus a fheidhmiú do scéim trádála an Aontais maidir le hastaíochtaí gás ceaptha teasa (IO L 130, 16.5.2023, lch. 134).

⁽⁴⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1).

⁽⁵⁾ Treoir (AE) 2018/2001 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 11 Nollaig 2018 maidir le húsáid fuinnimh ó fhoinsí inathnuaite a chur chun cinn (IO L 328, 21.12.2018, lch. 82).

- (5) Is gá tuilleadh feabhais a chur ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, chun mionsonraí a thabhairt faoin mbealach chun bithmhais a láimhseáil i maischothromaíochtaí. Codán bithmhaise an charbóin a théann isteach sa chóras cothromúcháin maise, ní hamháin go n-astaítear mar CO₂ é, ach fanann codán den charbón a chomhfhreagraíonn don chodán bithmhaise sa chríochnaíocht freisin. D'fhéadfaí na hastaíochtaí san aschur a mhí-riomh dá thoradh sin. Chun cás den sórt sin a sheachaint, ba cheart don oibreoir sonraí a sholáthar i gcónaí ar chodán bithmhaise an chion carbóin den tsreabh bhunaidh.
- (6) Codán bithmhaise an gháis nádúrtha ina bhfuil bithghás, ar gás nádúrtha é a sholáthraíonn eangacha gáis nádúrtha agus a maítear bithghás a bheith ann, ríomhtar an codán bithmhaise sin trí chur chuige faireacháin lena n-úsáidtear taifid cheannacháin. Chun comhaireamh dúbailte féideartha an chodáin bithmhaise a sheachaint, is gá rialacha sonracha a chur i bhfeidhm má úsáideann an gléasra an mhodheolaíocht tomhas-bhunaithe. Sa chás sin, ní mór an bithghás 'a sheachadtar go fisiceach' a chinneadh i dteannta na cainníochta bithgháis 'atá bunaithe ar an taifead ceannacháin, is é an chainníocht deiridh sin amháin atá le húsáid chun astaíochtaí na suiteála a thuairisciú. I dteannta na dtaifead ceannacháin, chun go mbeidh an bithghás sa chóras nialas-rátaithe, ceanglaítear cruthúnas inbhuanaitheachta a sholáthar i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001 agus leis na gníomhartha cur chun feidhme ábhartha. Is gá forálacha nua a chur leis chun an comhaireamh dúbailte a sheachaint.
- (7) Sainaitníodh go raibh baol míléirithe ann i ndáil le codán bithmhaise CO₂ fréimhíochta a chinneadh leis an modheolaíocht faireacháin a roghnaíodh i suiteálacha do-aistrithe. Dá bhrí sin, ba cheart Airteagal 48(2) a shoiléiriú chun deireadh a chur le míthuiscintí.
- (8) Leagtar síos le Treoir (AE) 2023/958 an prionsabal faoin mbealach chun breoslaí eitlíochta inbhuanaithe a shannadh i ndáil le hastaíochtaí ó eitiltí a imíonn as aerfoirt i gcás nach féidir an breosla eitlíochta inbhuanaithe a shannadh go fisiceach d'eitilt shonrach. De réir an phrionsabail sin, tá lamháltais a shanntar de bhun Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE le bheith ar fáil le haghaidh breoslaí eitlíochta incháilithe arna gcur ar bord ag an aerfort sin i gcomhréir leis na hastaíochtaí ó eitiltí, de chuid an oibreora aerárthaí ón aerfort sin, nach mór lamháltais a thabhairt suas ina leith i gcomhréir le hAirteagal 12(3) den Treoir sin. Dá bhrí sin, is iomchuí an prionsabal céanna a chur i bhfeidhm maidir leis na rialacha faireacháin agus tuairiscithe.
- (9) Ba cheart rialacha tuairiscithe iomchuí a leagan síos le haghaidh oibreoirí aerárthaí maidir le húsáid cineálacha breoslaí eitlíochta inbhuanaithe difriúla atá incháilithe faoin gcóras tacaíochta. Chun an t-ualach riaracháin a laghdú, ba cheart an tuairisciú sin a bheith ina leathnú ar an tuairisciú a dhéantar ar bhreoslaí ag a bhfuil fachtóir astaíochtaí nialasach, gan sásra tuairiscithe ar leithligh a leagan síos.
- (10) Tugadh rialacha athbhreithnithe isteach le Treoir (AE) 2023/958 maidir le leithdháiltí saor in aisce le haghaidh oibreoirí aerárthaí. Cuireann an Treoir deireadh leis an nasc le sonraí tona-ciliméadair. Dá réir sin, tá na rialacha lena rialaítear tuairisciú na sonraí tona-ciliméadair imithe i léig anois. Dá bhrí sin, is iomchuí Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a leasú chun é sin a chur san áireamh.
- (11) Le forálacha tuairiscithe na Scéime Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO), déantar foráil maidir le hoibreoirí aerárthaí os cionn tairseach áirithe a áireamh; ríomhtar an tairseach sin agus neamhaird á déanamh ar an úsáid a d'fhéadfaí a bhaint as breoslaí ag a bhfuil fachtóir astaíochta nialasach. Dá bhrí sin, chun tuairisciú astaíochtaí na n-oibreoirí aerárthaí do na Ballstáit, agus do Rúnaíocht ICAO dá éis sin, a éascú, is iomchuí fachtóir astaíochta tosaigh a leagan síos chun críche áirimh, agus é sin amháin, chun cinneadh a dhéanamh faoi oibreoirí aerárthaí a áireamh in CORSIA.
- (12) Tá ról lárnach ag ceanglais tuairiscithe chun faireachán cuí ar an reachtaíocht agus forfheidhmiú ceart na reachtaíochta a áirithiú. Tá sé tábhachtach, áfach, na ceanglais sin a chuíchóiriú chun a áirithiú go gcomhlíonfaidh siad an cuspóir dár beartaíodh iad agus chun an t-ualach riaracháin a theorannú.
- (13) Chun ceanglais tuairiscithe atá ann faoi láthair a chuíchóiriú agus ardleibhéal stóinseachta i rialacha faireacháin CTA a choinneáil ar bun an tráth céanna, is iomchuí síneadh a chur leis an eatramh chun tuarascálacha feabhsaithe i dtaca leis an modheolaíocht faireacháin a chur isteach le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus oibreoirí aerárthaí.

- (14) I gcomhréir le Treoir (AE) 2023/959, ní chuirfear tús le tabhairt suas na lamháltas faoin gcóras trádála astaíochtaí nua ach in 2028 le haghaidh astaíochtaí bliantúla 2027. Mar sin féin, ba cheart tús a chur le faireachán agus le tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí faoin gcóras trádála astaíochtaí nua ón 1 Eanáir 2025. Ba cheart rialacha faireacháin agus tuairiscithe soiléire le haghaidh an chórais trádála astaíochtaí a leagan síos sách fada roimh ré le haghaidh na hearnála foirgníochta, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, chun an cur chun feidhme ordúil sna Ballstáit a éascú. D'fhonn an t-ualach riaracháin a laghdú, an chomhsheasmhacht idir modheolaíochtaí faireacháin a áirithiú agus cur le heispéiris ón gcóras trádála astaíochtaí atá ann faoi láthair le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus na heitlíochta, is iomchuí na rialacha ábhartha le haghaidh an chórais nua a bhunú.
- (15) Chun cásanna a sheachaint ina bhféadfaí teacht timpeall ar oibleagáidí faoin gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, i ngeall go n-eisiatar, gan údar, daoine atá faoi dhliteanas dleachtanna máil a íoc ar tháirgí fuinnimh, ón sainmhíniú ar eintitis rialáilte, is gá na dálaí faoina meastar gur tomhaltóir deiridh an bhreosla é duine a shainmhíniú go soiléir.
- (16) Ba cheart an sainmhíniú ar bhreosla sa chóras trádála astaíochtaí nua a ailíniú go dlúth leis an sainmhíniú a leagtar amach i dTreoir 2003/96/CE ón gComhairle ⁽⁹⁾. Gan dochar d'athruithe reachtacha a bheidh ann amach anseo, ní chumhdaítear soláthar breoslaí dlúthadhmaid (Cód AC 4401 agus 4402) ná móna (Cód AC 2703) le sainmhíniú breosla na Treorach sin faoi láthair agus tá siad díolmhaithe ó oibleagáidí faireacháin agus tuairiscithe faoin Rialachán seo dá bhrí sin.
- (17) Chun an éifeachtúlacht riaracháin agus an comhchuíbhiú leis an bhfaireachán agus leis an tuairisciú sa chóras trádála astaíochtaí atá ann faoi láthair a áirithiú, ba cheart roinnt rialacha ag a bhfuil feidhm maidir le hoibreoirí agus le hoibreoirí aerárthaí a leathnú chun eintitis rialáilte a chumhdach le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise.
- (18) Leibhéal cruinnis na sonraí faireacháin sa chóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise, ba cheart é a chinneadh le hordlathas leibhéal i gcomhréir le cur chuige na leibhéal a leagtar síos i Rialachán (AE) 2018/2066. Chun leibhéal iarrachta faireacháin i bhfad ró-ard a sheachaint maidir le heintitis rialáilte, agus leibhéal beachtais inghlactha á áirithiú lena linn, ba cheart maoluithe is infheidhme sa chóras trádála astaíochtaí nua freisin, in éineacht le hoiriúnuithe áirithe, a dhéanamh de na maoluithe atá ann faoi láthair ó cheanglais maidir le leibhéil. Go sonrach, maidir le costais mhírásúnta a chinneadh sa chóras trádála astaíochtaí nua, ba cheart leis an gcinneadh sin an fíoras a léiriú gur margadh neamhspleách atá i gceist agus go bhfuil coinne le tosú na trádála in 2027. Is iomchuí dá bhrí sin na rialacha ábhartha a shocrú trí fhorálacha Threoir 2003/87/CE a chur san áireamh, ar forálacha arb é is aidhm dóibh tosú rianúil an chórais a áirithiú, lena n-áirítear an sásra cobhsaíochta praghanna innéacsaithe le haghaidh na mblianta tosaigh.
- (19) Chun an chothromaíocht a bhaint amach idir an t-ualach riaracháin a íoslaghdú agus sláine comhshaoil a áirithiú, ba cheart déine na rialacha lena n-áirítear cruinneas an fhaireacháin a bheith comhréireach le méid na n-astaíochtaí bliantúla a thuairiscíonn an t-eintiteas rialáilte. Is iomchuí forbairt a dhéanamh ar chatagóirí na n-eintiteas rialáilte agus na sreabh breosla a leagtar síos sa trádáil astaíochtaí atá ann faoi láthair, in éineacht le hoiriúnuithe áirithe i ngeall ar chineál sonrach na gníomhaíochta a chumhdaítear leis an gcóras nua.
- (20) Ba cheart foirmle na modheolaíochta ríomh-bhunaithe a shonrú trí pharaiméadair a thabhairt isteach a léireoidh gnéithe an chórais trádála astaíochta nua.
- (21) Sa chóras trádála astaíochtaí nua, is gá a chinneadh cé acu a dhóitear nó nach ndóitear na cainníochtaí breoslaí arna scaoileadh chun ídithe in earnálacha atá faoi raon feidhme an chórais nua. Ba cheart na cainníochtaí ábhartha a chinneadh ar bhonn an fhachtóra raoin. Chun aghaidh a thabhairt ar chásanna ina shloinntear na méideanna breosla arna scaoileadh chun ídithe in aonaid tomhais dhifriúla, ba cheart an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid a úsáid. Cuimsíonn an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid an dlús, an glanluach calrach agus an coinbhéartú ón oll-luach calrach go glanluach calrach.

⁽⁹⁾ Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).

- (22) Ba cheart leibhéil dhifriúla a bheith infheidhme maidir leis na méideanna breosla arna scaoileadh chun ídithe, le fachtóirí ríomha agus le fachtóir raoin ag brath ar an gcineál breosla agus ar mhéid na n-astaíochtaí bliantúla, agus an fhéidearthacht a bheith ann leibhéil níos ísle a chur i bhfeidhm ar bhonn liosta uileghabhálach cúiseanna le maolú den sórt sin. I gcás an fhachtóra raoin, i gcás ina bhféadfadh sé nach mbeadh roinnt de na modhanna faireacháin ar fáil d'eintitis rialáilte, is iomchuí maolú breise a bhunú ó úsáid an dá leibhéil is airde.
- (23) Ós rud é gurb é is aidhm dó tógáil ar an gcreat dlíthiúil atá ann faoi láthair le haghaidh dleachtanna máil a bunaíodh faoi Threoir 2003/96/CE agus faoi Threoir 2020/262 ón gComhairle ⁽⁷⁾, ba cheart a áirithiú leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise go mbeidh sineirgí leis an mbonneagar cánach ann agus simplithe a cheadú i gcás ina nglacfar sonraí nó modhanna ábhartha chun críoch cánach. Go háirithe, i gcás ina bhféadfaidh trasuí na rialacha sa dlí náisiúnta go mbeidh na heintitis agus na táirgí fuinnimh céanna faoi réir cánachas fuinnimh agus an chórais trádála astaíochtaí nua, ba cheart é a bheith indéanta na modhanna, chun an líon táirgí fuinnimh arna scaoileadh chun ídithe a chinneadh, faoi rialacha cánach a chur i bhfeidhm gan ceanglais maidir le leibhéil a mheas. Ós rud é go bhfuil an-éagsúlacht i gceist le córais náisiúnta cánachais fuinnimh agus lena gcur chun feidhme ar fud na mBallstát, ba cheart do gach údarás inniúil tuarascáil a sheoladh chuig an gCoimisiún maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil na modhanna a bhaineann le cáin agus leis na leibhéil éiginnteachta agus a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar chruinneas an fhaireacháin ar astaíochtaí.
- (24) Chun foráil a dhéanamh maidir le simpliú i gcásanna ina mbeidh sonraí láidre ar fáil ar na fachtóirí astaíochta agus ar luach calrach sonrach breosla nach bhfuil catagóirithe mar bhreosla caighdeánach tráchtála faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066, ba cheart údarais inniúla a bheith in ann é a cheangal go n-úsáidfear luachanna réamhshocráithe le haghaidh an bhreosla sin, faoi réir critéir chomhchosúla a chomhlíonadh mar a cheanglaítear le haghaidh breoslaí caighdeánacha tráchtála, ach ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach. Chun comhchuíbhiú na luachanna réamhshocráithe a úsáidtear ar fud an Aontais a áirithiú mar aon le glacadh na n-athruithe ar thionscnamh an bhreosla a sholáthraítear le himeacht ama, tá na luachanna sin le cur faoi bhráid an Choimisiúin lena bhformheas.
- (25) Maidir leis na modhanna chun an fachtóir raoin a chinneadh, ba cheart iad a chatagóiriú ina leibhéil agus ní hamháin leibhéal déine an fhaireacháin á chur san áireamh, ach freisin an riosca calaoise féideartha, tionchair ar chainníocht na lamháltas ar fud an Aontais agus impleachtaí le haghaidh costais a thugtar ar aghaidh chuig tomhaltóirí na mbreoslaí arna scaoileadh. I gcomhréir le Treoir 2003/87/CE, modhanna lena féidir úsáid deiridh *ex ante* na mbreoslaí a chinneadh, gan an gá le cúiteamh dá éis, ba cheart iad a úsáid an oiread agus is féidir. Le modhanna *ex ante*, áirithítear gur lú an tionchar ar leachtacht airgeadais na n-eintiteas rialáilte, seachnaítear tabhairt ar aghaidh na gcostas ar thomhaltóirí lasmuigh de raon feidhme an chórais trádála astaíochtaí nua agus ní cheanglaítear aon choigeartú a dhéanamh ar an gcaidhp astaíochtaí. Le modhanna *ex ante* a úsáid, cuirtear tuilleadh sineirgí chun cinn agus laghdaítear an t-ualach riaracháin, toisc gurb éard atá sna modhanna atá beartaithe liosta cuimsitheach de na modhanna a chuirtear i bhfeidhm chun críoch cánach freisin.
- (26) Murab iomchuí aon mhodh eile, ba cheart féidearthacht a bheith ann luach réamhshocráithe a úsáid chun úsáid deiridh an bhreosla arna scaoileadh a chinneadh. Chun iarmhairtí neamhbheartaithe a sheachaint maidir le leibhéil na gcostas a thugtar ar aghaidh chuig tomhaltóirí, ba cheart úsáid luachanna réamhshocráithe níos ísle ná 1 a bheith faoi réir coinníollacha, go háirithe tar éis thosú na trádála sa chóras trádála astaíochtaí nua in 2027. Úsáid luach réamhshocráithe 1, i gcás ina dtoimhdeítear gur úsáideadh an breosla uile a scaoileadh sna hearnálacha a chumhdaítear leis an gcóras trádála astaíochtaí nua, ba cheart úsáid an luach sin a cheadú i gcomhcheangal le cúiteamh airgeadais le haghaidh eintitis nach bhfuil ceaptha a bheith cumhdaithe leis an gcóras. Ba cheart do na Ballstáit agus d'eintitis rialáilte féachaint le feabhas a chur ar mhodhanna a úsáidtear chun úsáid deiridh na mbreoslaí a chinneadh le himeacht ama, chun cruinneas an fhaireacháin a áirithiú agus chun impleachtaí féideartha a íoslaghdú le haghaidh costais a thugtar ar aghaidh chuig tomhaltóirí, a bhféadfaidh siad a bheith bainteach le tosú na trádála lamháltas in 2027.
- (27) Chun an t-ualach riaracháin a laghdú nó chun a áirithiú go gcomhchuíbheofar na modhanna a úsáidtear chun an fachtóir raoin a chinneadh, ba cheart gach Ballstát a bheith in ann a fhorordú go mbainfear úsáid a modh nó as luach réamhshocráithe sonrach le haghaidh cineál sreibe breosla áirithe nó i réigiún áirithe laistigh dá chríoch. Mar sin féin, tá cinntí maidir le forordú úsáid na luachanna réamhshocráithe le bheith faoi réir formheas ón gCoimisiún, chun an leibhéal iomchuí a áirithiú maidir le comhchuíbhiú na modheolaíochtaí idir na Ballstáit mar aon leis an gcothromaíocht idir cruinneas an fhaireacháin agus impleachtaí costais.

(7) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socruithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4.).

- (28) Chun tuairisciú comhsheasmhach agus intuairthe leis an gcóras trádála astaíochtaí atá ann faoi láthair a áirithiú, ba cheart rialacha is infheidhme maidir le bithmhais a leathnú chun eintitis rialáilte a chumhdach. Dá ainneoin sin, chun ailíniú le reachtaíocht atá ann faoi láthair maidir le critéir inbhuanaitheachta a leagtar amach i dTreoir (AE) 2018/2001 agus chun ualach riaracháin nach gá, ar na táirgeoirí fuinnimh beaga a úsáideann bithghás agus ar tháirgeoirí bithgháis beaga, a sheachaint, ba cheart na tairseacha a leagtar amach in Airteagal 29(1) den Treoir sin a mheas, agus féadfaidh an Coimisiún treoirlínte ábhartha a sholáthar.
- (29) Le hAirteagail 30f(8) de Threoir 2003/87/CE, tugtar an fhéidearthacht do na Ballstáit nósanna imeachta faireacháin agus tuairiscithe simplithe a cheadú le haghaidh eintitis rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí bliantúla níos ísle ná 1 000 tona de choibhéis CO₂. Chun aon ualach riaracháin nach gá i gcásanna den sórt sin a sheachaint, ba cheart foráil a dhéanamh maidir le simplithe sonracha le haghaidh eintitis a mheastar a bheith ina n-eintitis rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle.
- (30) I gcásanna áirithe, amhail i gcás nár tiolacadh an tuarascáil astaíochta bhliantúil agus nár fíoraíodh í i gcomhréir leis an Rialachán seo, ba cheart astaíochtaí na n-eintiteas rialáilte a chinneadh le meastachán coimeádach. I ngeall ar chineál réamhtheachtach an chórais, le haon úsáid a bhaintear as meastacháin choimeádacha, ba cheart aird chuí a thabhairt ar impleachtaí le haghaidh costais a thugtar ar aghaidh chuig tomhaltóirí na mbreoslaí.
- (31) De bhun Airteagal 30f(5) de Threoir 2003/87/CE, tá na Ballstáit le bearta iomchuí a dhéanamh chun an riosca a theorannú go ndéanfar comhaireamh dúbailte ar astaíochtaí a chumhdaítear leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise agus leis an gcóras trádála astaíochtaí le haghaidh suiteálacha do-aistrithe agus oibreoirí aerárthaí agus muirí. Chun a áirithiú nach n-iompraíonn an breosla a scaoiltear le hearnálacha a chumhdaítear leis an gcóras trádála astaíochta atá ann faoi láthair an costas carbóin breise, tá sé tábhachtach go mbunóidh na Ballstáit malartuithe faisnéise éifeachtúla a fhágfaidh go mbeidh eintitis rialáilte in ann úsáid deiridh a mbreosla a chinneadh. Sonraí astaíochta fíoraithe na n-oibreoirí sa trádáil astaíochtaí atá ann faoi láthair, is foinse iontaofa faisnéise iad ba cheart a úsáid mar bhonn chun astaíochtaí na n-eintiteas rialáilte a chinneadh ina dtuarascáil astaíochta bhliantúil. Chun malartú tráthúil na faisnéise a éascú agus a spreagadh, ba cheart an deis a bheith ag na Ballstáit é a chur de cheangal go mbeidh an fhaisnéis ábhartha ar fáil d'eintitis rialáilte roimh an sprioc-am faireacháin fiú sa chóras trádála astaíochtaí atá ann faoi láthair. Os a choinne sin, tá eintitis rialáilte le faisnéis fhíoraithe a thuairisciú maidir le tomhaltóirí na mbreoslaí arna scaoileadh chun ídithe. I gcás slabhraí soláthair ag a bhfuil roinnt mhaith idirghabhálaithe, tá eintitis rialáilte leis an bhfaisnéis a thuairisciú chuig na húdaráis inniúla i gcás ina mbeidh sí ar fáil. D'fhéadfadh an fhaisnéis sin a fhágáil go mbeadh na húdaráis inniúla in ann feabhas a chur ar na modhanna chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí, trí línte cúraim a bhunú nó trí luachanna réamhshocráithe náisiúnta a fhorbairt.
- (32) Chun feabhas a chur ar chruinneas an faireacháin astaíochtaí agus chun saincheistean a sheachaint ar stocáil agus athdhiól breoslaí is cúis leo, is í faisnéis fhíoraithe, maidir le breoslaí ar baineadh úsáid iarbhir astu le haghaidh dócháin sa bhliain faireacháin ba cheart a úsáid go príomha mar bhonn chun na hastaíochtaí a asbhaint ó thuarascálacha astaíochta de chuid eintitis rialáilte. Mar sin féin, ionas go mbeidh solúbthacht ag na Ballstáit i gcásanna sonracha, is iomchuí asbhaintí a cheadú bunaithe ar fhaisnéis faoi bhreoslaí a scaoiltear, lena n-áirítear breoslaí stocáilte, faoi réir an choinníll go n-úsáidtear na breoslaí stocáilte sa bhliain tar éis na bliana faireacháin.
- (33) Faireachán agus tuairisciú cruinn agus iontaofa ar astaíochta, tá sé rithábhachtach chun go bhfeidhmeoidh an córas trádála astaíochtaí le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise go rianúil, i dtéarmaí na sláine comhshaoil agus ghlacacht an phobail leis an gcóras araon. Toisc gur laistigh de shainchúram na n-údarás náisiúnta inniúil go príomha atá na bearta chun aghaidh a thabhairt ar iompraíocht chalaioiseach, ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go dtabharfar aghaidh go cuí ar aon chás ina ndéantar míchtagóiriú nó ar aon chás calaoise, ag a bhfuil páirt ag aon rannpháirtí sa slabhra soláthair breosla, agus go mbeidh bearta náisiúnta in aghaidh na calaoise éifeachtach, comhréireach agus athchomhairleach. I ngeall ar na sineirgí idir an córas trádála astaíochtaí atá ann faoi láthair agus an córas trádála astaíochtaí nua mar aon leis an gcreat atá bunaithe maidir le dleachtanna máil ar an bhfuinneamh, is iomchuí comhar feidhmiúil a bhunú idir údaráis inniúla ábhartha, d'fhonn sárúithe a bhrath go tráthúil agus bearta ceartaitheacha comhlántacha a áirithiú.
- (34) Tar éis an leasaithe ar Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE chun go n-áireofar suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh ón 1 Eanáir 2024 chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh agus chun fíoraitheoirí a chreidiúnú de bhun Airteagail 14 agus 15 den Treoir sin, ba cheart forálacha nua a chur le Rialachán (AE) 2018/2066 chun na ceanglais a shonrú maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí ó shuiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh, ar suiteálacha iad a dhéanann gníomhaíochtaí dócháin agus ag a bhfuil aschur teirmeach rátaithe iomlán is mó ná 20 MW.

- (35) Sainmhínítear an dramhaíl chathrach faoi threoir Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁸⁾. Leasaíodh an Treoir sin in 2018 chun sainmhíniú ar an dramhaíl chathrach a thabhairt isteach agus chun raon feidhme an choincheapa a shoiléiriú. Toisc go n-áirítear suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh i raon feidhme CTA an Aontais chun faireachán, tuairisciú, fíorú agus creidiúnú a dhéanamh, agus é sin amháin, ceanglaítear nósanna imeachta sonracha le haghaidh na suiteálacha sin chun astaíochtaí a thuairisciú, rud a tharlaíonn i gcás suiteálacha eile faoi chuimsiú Chlárlann an Aontais de bhun Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ⁽⁹⁾. Ba cheart Airteagal 68 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 a leasú dá bhrí sin chun foráil a dhéanamh maidir leis na Ballstáit go gcuirfidh siad an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil fhíoraithe de chuid gach suiteála, chun dramhaíl chathrach a loscadh, faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Aibreán gach bliain. I gcomhréir leis an Rialachán Cur Chun Feidhme sin, tá oibreoirí le tuarascáil astaíochtaí a chur faoi bhráid an údaráis inniúil, faoin 31 Márta gach bliain, lena gcumhdófar na hastaíochtaí bliantúla sa tréimhse tuairiscithe agus a bheidh fíoraithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún ⁽¹⁰⁾. Dá bhrí sin, is iomchuí 1 mhí amháin a thabhairt d'údaráis inniúla chun an tuarascáil sin a athbhreithniú agus chun í a chur faoi bhráid an Choimisiúin. Ba cheart don Choimisiún tuilleadh treoirlínte a sholáthar maidir leis an tíolacadh do na húdaráis inniúla sna treoidhoiciméid ábhartha. Ina theannta sin, leibhéil le haghaidh sonraí gníomhaíochta, íoscheanglais leibhéil agus fachtóir astaíochta breosla, ba cheart iad a leagan síos le haghaidh suiteálacha chun dramhaíl chathrach a loscadh. Ba cheart coigeartuithe a dhéanamh freisin maidir le hinneachar íosta na dtuarascálacha ar astaíochtaí bliantúla chun deireadh a chur leis an gceanglas go soláthróidh suiteálacha, chun dramhaíl chathrach a loscadh, uimhir cheada, toisc go bhféadfadh sé nach bhfuil uimhir cheada acu, agus ceanglas a thabhairt isteach go soláthróidh na suiteálacha sin na cóid dramhaíola ábhartha de bhun Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún ⁽¹¹⁾, i gcás inar cineál dramhaíola é an tsreabh bhunaigh, mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066.
- (36) Tar éis athmhúnlú Threoir (AE) 2018/2001, rinneadh athbhreithniú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 in 2020. Tá deacrachtaí áirithe fós ann i leith na rialacha nua sin a chur i bhfeidhm, i ndáil le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí próisis ó ábhair charbónáití agus ó ábhair nach carbónáití iad. Is gá soiléiriú a thabhairt maidir le gloine, snáthín gloine nó ábhar inslithe olann charraige a mhonarú. Dá bhrí sin, na rialacha maidir le faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí próisis ó amhábhair, lena n-áirítear carbónáití, a leagtar síos i Roinn 11 d'Iarscríbhinn IV, ba cheart iad a thabhairt cothrom le dáta agus a shoiléiriú.
- (37) Tosóidh an faireachán agus an tuairisciú le haghaidh an chórais trádála astaíochtaí nua le haghaidh earnáil na bhfoirgneamh, earnáil an iompair de bhóthar agus earnálacha breise an 1 Eanáir 2025. Mar sin féin, de bhun Airteagal 30f(4) de Threoir 2003/87/CE, tá eintitis rialáilte le hastaíochtaí stairiúla a thuairisciú le haghaidh 2024 agus, de bhun Airteagal 30b den Treoir sin, tá na heintitis sin lena bpleananna faireacháin a thíolacadh chun iarratas a dhéanamh ar chead gás ceaptha teasa ar gá é a bheith eisithe faoin 1 Eanáir 2025. Dá bhrí sin, is iomchuí go dtiocfaidh na forálacha ábhartha a bhaineann leis an gcóras trádála astaíochtaí nua chun bheith infheidhme ón 1 Iúil 2024,
- (38) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán i gcomhréir leis an tuairim dheimhneach ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 mar a leanas:

- (1) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 2:

⁽⁸⁾ Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3).

⁽⁹⁾ Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3).

⁽¹⁰⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le fíorú na sonraí agus creidiúnú fíoraitheoirí de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 334, 31.12.2018, lch. 94).

⁽¹¹⁾ Cinneadh ón gCoimisiún an 2014/955/AE an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE maidir leis an liosta de dhramhaíl de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 370, 30.12.2014, lch. 44).

'Airteagal 2

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa a shonraítear i ndáil leis na gníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I agus III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, le sonraí gníomhaíochta ó shuiteálacha do-aistrithe, le gníomhaíochtaí eitlíochta agus leis na méideanna breosla arna scaoileadh ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann leis an Treoir sin.

Beidh feidhm aige maidir le hastaíochtaí, sonraí gníomhaíochta agus na méideanna breosla arna scaoileadh a tharlaíonn ón 1 Eanáir 2021.;

(2) Leasaítear Airteagal 3 mar a leanas:

(a) scriostar pointe (3);

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (7):

'(7) ciallaíonn 'fachtóirí ríomha' glanluach calrach, fachtóir astaíochta, fachtóir astaíochta tosaigh, fachtóir ocsaídiúcháin, fachtóir coinbhéartachta, cion carbóin, codán bithmhaise nó fachtóir coinbhéartúcháin aonaid;';

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (8):

'(8) ciallaíonn 'leibhéal' ceanglas socraithe a úsáidtear chun sonraí gníomhaíochta, fachtóirí ríomha, astaíocht bhliantúil agus meánastaíocht bhliantúil in aghaidh na huair, an méid breosla arna scaoileadh agus fachtóir raoin a chinneadh;';

(d) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (9):

'(9) ciallaíonn 'riosca bunúsach' soghabháltacht paraiméadair sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil i leith míráiteas a d'fhéadfadh a bheith ina míráitis ábhartha, go haonarach nó nuair a chomhiomlánaítear le míráitis eile iad, sula gcuirfear éifeacht aon ghníomhaíochta rialaithe gaolmhaire san áireamh;';

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 10:

'(10) ciallaíonn 'riosca rialaithe' soghabháltacht paraiméadair sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil i leith míráitis a d'fhéadfadh a bheith ina míráitis ábhartha, go haonarach nó nuair a chomhiomlánaítear le míráitis eile iad, agus nach mbíonn á gcosc nó á mbrath agus á gceartú ar bhonn tráthúil leis an gcóras rialaithe;';

(f) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (12):

'(12) ciallaíonn 'tréimhse tuairiscithe' bliain féilire nach mór faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí lena linn;';

(g) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (13):

'(13) ciallaíonn 'fachtóir astaíochta' meánráta astaíochta gás ceaptha teasa i gcoibhneas leis na sonraí gníomhaíochta maidir le sreabhadh foinse nó sreabhadh breosla lena dtoimhdítear ocsaídiú iomlán i gcás dócháin agus tiontú iomlán i gcás na n-imoibriúcháin ceimiceach eile uile;';

(h) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (20):

'(20) ciallaíonn 'coimeádach' go sainítear tacar toimhdí chun a áirithiú nach dtarlaíonn aon ghanmheastachán ar astaíochtaí bliantúla;';

(i) cuirtear an pointe (21ca) seo a leanas isteach:

'(21ca) ciallaíonn 'dramhaíl chathrach' dramhaíl chathrach mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (2b), de Threoir 2008/98/CE;';

(j) cuirtear an pointe (23a) seo a leanas isteach:

'(23a) ciallaíonn 'breosla eitlíochta incháilithe' cineálacha breosla atá incháilithe don tacaíocht faoi Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE;';

(k) cuirtear an pointe (34a) seo a leanas isteach:

'(34a) ciallaíonn 'breosla eitlíochta measctha' breosla ina bhfuil idir bhreosla eitlíochta incháilithe agus bhreosla iontaise;';

- (l) cuirtear an pointe (38a) seo a leanas isteach:

‘(38a) ciallaíonn ‘codán incháilithe’ cóimheas an bhreosla eitlíochta incháilithe atá cumaiscthe sa bhreosla iontaise;’;

- (m) scriostar pointe (48);

- (n) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (59):

‘(59) ciallaíonn ‘seachshonraí’ luachanna bliantúla atá cuí-réasúnaithe go heimpíreach nó a dhíorthaítear ó fhoinsí a nglactar leo agus a úsáideann oibreoir nó eintiteas rialáilte mar a shainmhínítear in Airteagal 3 de Threoir 2003/87/CE chun na sonraí gníomhaíochta, na méideanna breosla arna scaoileadh nó na fachtóirí ríomha a ionadú chun tuairisciú iomlán a áirithiú nuair nach indéanta na sonraí gníomhaíochta, na méideanna breosla arna scaoileadh nó na fachtóirí ríomha uile a cheanglaítear a ghiniúint sa mhodheolaíocht faireacháin is infheidhme;’;

- (o) cuirtear isteach na pointí seo a leanas:

‘(64) ‘ciallaíonn ‘sreabh breosla’ breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE, arna scaoileadh chun ídithe trí mheáin fhisiceacha shonracha, amhail píblínte, trucaílí, iarnróid, longa nó stáisiúin breosla, agus as a n-eascraíonn astaíochtaí gás ceaptha teasa ábhartha de thoradh thomhailt an bhreosla sin ag catagóirí tomhaltóirí in earnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;’;

(65) ciallaíonn ‘sreabh breosla náisiúnta’ comhiomlánú, in aghaidh an chineáil bhreosla, sreabha breosla na n-eintiteas rialáilte uile i gcríoch Bhallstáit;

(66) ciallaíonn ‘fachtóir raoin’ an fachtóir idir nialas agus aon a úsáidtear chun an cion de shreabh breosla a chinneadh arb é an cion sin a úsáidtear le haghaidh dócháin in earnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE;

(67) ciallaíonn ‘méid breosla arna scaoileadh’ sonraí ar an méid breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE arna scaoileadh chun ídithe agus a shloinntear mar fhuinneamh i dteirigiúil, mais i dtónaí nó toirt i ngnáthmhéadair chiúbacha nó an choibhéis i lítir, i gcás inarb iomchuí, sula gcuirfeadh fachtóir raoin i bhfeidhm;

(68) ciallaíonn ‘fachtóir coinbhéartúcháin an aonaid’ fachtóir lena ndéantar an t-aonad, ina shloinntear méideanna breosla arna scaoileadh, a choinbhéartú ina méideanna a shloinntear mar fhuinneamh i dteirigiúil, mais i dtónaí nó toirt i ngnáthmhéadair chiúbacha nó an choibhéis i lítir, i gcás inarb iomchuí, lena gcuimsítear na fachtóirí ábhartha uile amhail an dlús, an glanluach calrach nó (le haghaidh gás) an coinbhéartú ó oll-luach calrach go glanluach calrach, de réir mar is infheidhme;

(69) ciallaíonn ‘tomhaltóir deiridh’ chun críoch an Rialacháin seo aon duine nádúrtha nó duine dlítheanach arb é úsáideoir deiridh an bhreosla é mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af) de Threoir 2003/87/CE, nach mó a idiú breosla bliantúil ná 1 tona amháin de CO₂;

(70) ciallaíonn ‘arna scaoileadh chun ídithe’ chun críoch an Rialacháin seo an uair a thagann an dleacht mháil ar bhreosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af) de Threoir 2003/87/CE, chun bheith inmhuirir i gcomhréir le hAirteagal 6(2) agus (3) de Threoir (AE) 2020/262 (*) ón gComhairle nó, i gcás inarb infheidhme, i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Threoir 2003/96/CE ón gComhairle (**), ach amháin i gcás ina mbeidh an tsolúbthacht dá ndéantar foráil faoi Airteagal 3 (ae), pointe (iv), de Threoir 2003/87/CE úsáidte ag an mBallstát, agus sa chás sin, ciallaíonn sé an uair arna hainmniú ag an mBallstát mar uair a chruthaítear oibleagáidí faoi Chaibidil IVa den Treoir sin.

(*) Treoir (AE) 2020/262 ón gComhairle an 19 Nollaig 2019 lena leagtar síos na socrúithe ginearálta maidir le dleacht mháil (IO L 58, 27.2.2020, lch. 4.)

(**) Treoir 2003/96/CE ón gComhairle an 27 Deireadh Fómhair 2003 lena ndéantar athstruchtúrú ar an gcreat Comhphobail le haghaidh cáin a ghearradh ar tháirgí fuinnimh agus ar leictreachas (IO L 283, 31.10.2003, lch. 51).;

(3) in Airteagal 15(4), scriostar pointe (b);

(4) Leasaítear Airteagal 18 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás ina maífidh oibreoir nó oibreoir aerárthaí go dtabhófaí costais mhíreasúnta dá ndéanfaí modheolaíocht faireacháin shonrach a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú an bhfuil nó nach bhfuil na costais míreasúnta, agus an réasúnú an oibreora á chur san áireamh.

Measfaidh an t-údarás inniúil costais a bheith míreasúnta i gcás inar mó an meastachán costais ná an tairbhe. Chuige sin, ríomhfar an tairbhe trí fhachtóir feabhsaithe a iolrú faoi phraghas tagartha EUR 80 in aghaidh an lamhálaí agus áireofar le costais tréimhse dímheasa iomchuí bunaithe ar shaolré eacnamaíoch an trealaimh.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Bearta a bhaineann le feabhas a chur ar mhodheolaíocht faireacháin de chuid suiteála, ní mheasfar go dtabhóidh siad costais mhíreasúnta suas le méid carntha EUR 4 000 in aghaidh na tréimhse tuairiscithe. I gcás suiteálacha ag a bhfuil astaíochtaí ísle, is é EUR 1 000 in aghaidh na tréimhse tuairiscithe an tairseach a bheidh i gceist.’;

(5) Leasaítear Airteagal 39 mar a leanas:

(a) cuirtear an mhír 2 a seo a leanas isteach:

‘2a. I gcás ina n-úsáideann an t-oibreoir maischothromaíocht i gcomhréir le hAirteagal 25, agus go n-úsáidtear bithmhais a chomhlíonann critéir Airteagal 38(5) mar ábhar ionchuir nó mar bhreosla, agus ina bhfuil carbón in ábhair aschuir, soláthróidh an t-oibreoir sonraí don údarás inniúil maidir le codán bithmhaise an chion carbóin sna sreabha aschuir. Soláthróidh an t-oibreoir fianaise leis sin nach ndéantar gannmheastachán go córasach ar astaíochtaí iomlána na suiteála leis an modheolaíocht faireacháin a chuirtear i bhfeidhm agus nach mó mais iomlán an charbóin a chomhfhreagraíonn do na codáin bithmhaise sna hábhair aschuir ábhartha uile ná mais iomlán na gcodán bithmhaise den charbón atá sna hábhair ionchuir agus breoslaí.

Chun críoch na míre seo, beidh feidhm ag míreanna 3 agus 4 den Airteagal seo maidir le codán bithgháis an gháis nádúrtha a úsáidtear mar ionchur.’;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. De mhaolú ar mhíreanna 1 agus 2 den Airteagal seo agus ar Airteagal 30, seachas chun críocha Airteagal 43(4), ní úsáidfí an t-oibreoir anailísí ná modhanna meastacháin i gcomhréir le mír 2 den Airteagal seo chun codán bithmhaise, an gháis nádúrtha a fhaightear ó eangach gháis a gcuirtear bithghás léi, a chinneadh.

Féadfaidh an t-oibreoir a chinneadh gur bithghás é cainníocht áirithe de ghás nádúrtha ón eangach gháis tríd an modheolaíocht a leagtar amach i mír 4 a úsáid.’;

(6) In Airteagal 43(4), cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘I gcás ina mbeidh i gceist leis an modh a mholann an t-oibreoir sampláil a dhéanamh go leanúnach ó shreabh an gháis múcháin agus ina n-ídeoidh an tsuiteáil gás nádúrtha ón eangach, asbhainfidh an t-oibreoir CO₂ a eascraíonn as aon bithghás atá sa ghás nádúrtha, de na hastaíochtaí CO₂ tomhaiste iomlána. Cinnfear codán bithmhaise an gháis nádúrtha i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35.’;

(7) Leasaítear Airteagal 48 mar a leanas:

(a) i mír 2, an chéad fhomhír, cuirtear an abairt seo a leanas isteach:

‘Chun codán bithmhaise CO₂ fréimhíochta a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 39, áiritheoidh oibreoir na suiteála aistrithe nach ndéanfar gannmheastachán go córasach leis an modheolaíocht faireacháin roghnaithe ar astaíochtaí iomlána na suiteála aistrithe.’;

(b) i mír 3, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘3. Féadfaidh na hoibreoirí cainníochtaí de CO₂ fréimhíochta a aistrítear as an tsuiteáil a chinneadh, ag an tsuiteáil aistrithe agus ag an tsuiteáil is faighteoir í araon. Sa chás sin, beidh na cainníochtaí de CO₂ fréimhíochta a aistrítear agus a fhaightear faoi seach comhionann leis an gcodán bithmhaise comhfhreagrach.’;

(8) i gCaibidil IV, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil: ‘FAIREACHÁN AR ASTAÍOCHTAÍ ÓN EITLÍOCHT’;

(9) in Airteagal 51, scriostar mír 2;

(10) in Airteagal 52, scriostar mír 2;

(11) Leasaítear Airteagal 53 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear isteach an fhomhír seo a leanas:

‘Chun tuairisciú a dhéanamh de bhun Airteagal 7 de Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 (*) ón gCoimisiún, cinnífidh agus tuairisceoidh an t-oibreoir aerárthaí mar ítim meabhráin na hastaíochtaí CO₂ a eascraíonn as ídiú bliantúil gach breosla a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta tosaigh.

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10).’;

(b) i mír 6, cuirtear an fhomhír seo a leanas isteach i ndiaidh na chéad fhomhíre:

‘Úsáidfídh na hoibreoirí aerárthaí na fachtóirí astaíochtaí réamhshocraithe a leagtar amach i dTábla 1 in Iarscríbhinn III mar an fachtóir astaíochta tosaigh.’;

(12) Leasaítear Airteagal 54 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. I gcás breoslaí measctha, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí a thiomhdiú go bhfuil bithbhreosla in easnamh agus codán iontaise réamhshocraithe 100 % a chur i bhfeidhm, nó codán bithbhreosla a chinneadh i gcomhréir le mír 2 nó 3. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí bithbhreoslaí íona ag a bhfuil codán bithmhaise 100 % a thuairisciú freisin.’;

(b) i mír 2, cuirtear na fohmíreanna seo a leanas isteach:

‘Ina theannta sin, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údaráis inniúil go sanntar an bithbhreosla don eitilt láithreach tar éis breosla a chur ar bord na heitilte sin.

I gcás ina ndéanfar roinnt eitiltí dá éis sin gan breosla a chur ar bord idir na heitiltí sin, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí an méid bithbhreosla a dheighilt agus é a shannadh do na heitiltí sin go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin arna ríomh agus an fachtóir astaíochta tosaigh á úsáid.’;

(c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. I gcás nach ndéanfar baisceanna bithbhreosla ceannaithe a sheachadadh go fisiceach chuig aerárthach sonrach, ní úsáidfídh an t-oibreoir aerárthaí anailís chun codán bithmhaise na mbreoslaí a úsáidtear a chinneadh.

I gcás nach féidir bithbhreosla a shannadh go fisiceach ag aeradróm d'eitilt shonrach, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí na bithbhreoslaí a shannadh do na heitiltí dá chuid, nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin a imíonn as an aeradróm sin arna ríomh agus an fachtóir astaíochta tosaigh á úsáid.

Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí an codán bithmhaise a chinneadh trí úsáid a bhaint as taifid cheannacháin bhithbhreosla lena mbaineann cion fuinnimh coibhéiseach, ar choinníoll go soláthraíonn an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údaráis inniúil gur seachadadh an bithbhreosla chuig córas breoslaithe an aeradróim imeachta sa tréimhse tuairiscithe, nó 3 mhí roimh thús na tréimhse tuairiscithe sin, nó 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin.’;

(d) cuirtear an mhír 3a seo a leanas isteach:

‘3a. Chun críoch mhíreanna 2 agus 3 den Airteagal seo, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údarais inniúil gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

- (a) nach mó an méid bithbhreosla iomlán a mhaítear ná úsáid breosla iomlán an oibreora aerárthaí sin le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh de réir Airteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, de thionscnamh an aeradróim arb ann a sholáthraítear an bithbhreosla;
- (b) nach mó an méid bithbhreosla le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh de réir Airteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, ná cainníocht iomlán an bithbhreosla arna ceannach, ar di sin a n-asbhaintear an chainníocht bithbhreosla iomlán arna díol le tríú páirtithe;
- (c) nach mó codán bithmhaise an bithbhreosla a shanntar d'eitiltí arna gcomhiomlánú in aghaidh an aeradróim ná an uasteorainn chumaiscthe le haghaidh an bithbhreosla sin mar a dheimhnítear de réir caighdeán idirnáisiúnta aitheanta;
- (d) nach ndéantar aon chomhaireamh dúbailte ar an gcainníocht bithbhreosla chéanna, go háirithe nach maítear gur úsáideadh an bithbhreosla arna cheannach i dtuarascáil níos luaithe é ná nár úsáid aon duine eile é, nó in aon chóras eile.

Chun críoch phointí (a) go (c) den chéad fhomhír, aon bhreosla a bheidh fágtha in umair tar éis eitilte agus sula gcuirfead breosla ar bord, measfar gur breosla iontaise 100 % atá ann.

Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear faoi phointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Threoir (AE) 2018/2001.;

(e) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 4:

‘4. Nialas a bheidh san fhachtóir astaíochta i ndáil le bithbhreosla.

Chun críoch na míre seo, beidh feidhm ag Airteagal 38(5) maidir le dóchán bithbhreosla a dhéanann oibreoirí aerárthaí.

Déanfar fachtóir astaíochta gach breosla measctha a ríomh agus a thuairisciú mar an fachtóir astaíochta tosaigh arna iolrú faoi chodán iontaise an bhreosla.;

(13) cuirtear an tAirteagal 54a seo a leanas isteach:

‘Airteagal 54a

Forálacha sonracha maidir le breoslaí eitlíochta incháilithe

1. Chun críoch an tséú fhomhír d'Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí tráchtála nós imeachta scríofa a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun faireachán a dhéanamh ar aon mhéid de bhreosla eitlíochta incháilithe a úsáidtear le haghaidh eitiltí foshonacha, agus tuairisceoidh na méideanna de bhreoslaí eitlíochta incháilithe a mhaítear mar ítim meabhráin ar leithligh ina thuarascáil astaíochta bliantúil.

2. Chun críoch mhír 1 den Airteagal seo, áiríteoidh an t-oibreoir aerárthaí go ndéanfar aon mhéid de bhreosla eitlíochta incháilithe dá maítear a dheimhniú i gcomhréir le hAirteagal 30 de Threoir (AE) 2018/2001. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Threoir (AE) 2018/2001.

3. I gcás breoslaí measctha, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí a thiomhdiú go bhfuil breosla eitlíochta incháilithe in easnamh agus codán iontaise réamhshocráithe 100 % a chur i bhfeidhm, nó codán incháilithe a chinneadh i gcomhréir le mír 4 nó 5. Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí breoslaí eitlíochta incháilithe íona ag a bhfuil codán incháilithe 100 % a thuairisciú freisin.

4. I gcás ina mbeidh breoslaí eitlíochta incháilithe measctha go fisiceach le breoslaí iontaise agus ina seachadfar iad chuig an aerárthach i mbaisceanna a bheidh in-sainaitheanta go fisiceach, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí meastachán faoin gcion incháilithe a bhunú ar mhaischothromaíocht de bhreoslaí iontaise agus de bhreoslaí eitlíochta incháilithe arna gceannach.

Ina theannta sin, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údaráis inniúil go sanntar an breosla eitlíochta incháilithe don eitilt láithreach tar éis breosla a chur ar bord na heitilte sin.

I gcás ina ndéanfar roinnt eitiltí dá éis sin gan breosla a chur ar bord idir na heitiltí sin, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí an méid bithbhreosla eitlíochta incháilithe a dheighilt agus é a shannadh do na heitiltí sin go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin arna ríomh agus an fachtóir astaíochta tosaigh á úsáid.

5. I gcás nach féidir breosla eitlíochta incháilithe a shannadh go fisiceach ag aeradróm d'eitilt shonrach, déanfaidh an t-oibreoir aerárthaí breoslaí eitlíochta incháilithe a shannadh do na heitiltí dá chuid, nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh i gcomhréir i gcomhréir le hAirteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, go comhréireach leis na hastaíochtaí ó na heitiltí sin a imíonn as an aeradróm sin arna ríomh agus an fachtóir astaíochta tosaigh á úsáid.

Féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí an codán incháilithe a chinneadh trí úsáid a bhaint as taifid cheannacháin an bhreosla eitlíochta incháilithe den chion fuinnimh coibhéiseach, ar choinníoll go soláthraíonn an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údaráis inniúil gur seachadadh an breosla eitlíochta incháilithe chuig córas breoslaithe an aeradróim imeachta sa tréimhse tuairiscithe nó 3 mhí roimh thús na tréimhse tuairiscithe sin, nó 3 mhí tar éis dheireadh na tréimhse sin.

6. Chun críoch mhíreanna 4 agus 5 den Airteagal seo, soláthróidh an t-oibreoir aerárthaí fianaise chun sástacht an údaráis inniúil gurb amhlaidh an méid seo a leanas:

- (a) nach mó an méid breosla eitlíochta incháilithe iomlán a mhaítear ná úsáid bhreosla iomlán an oibreora aerárthaí sin le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh de réir Airteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, de thionscnamh an aeradróim arb ann a sholáthraítear an breosla eitlíochta incháilithe;
- (b) nach mó an méid breosla eitlíochta incháilithe le haghaidh eitiltí nach mór lamháltais a thabhairt suas lena n-aghaidh de réir Airteagal 12(3) de Threoir 2003/87/CE, ná cainníocht iomlán an bhreosla eitlíochta incháilithe arna ceannach, ar di sin a n-asbhaintear an chainníocht bhreosla eitlíochta incháilithe iomlán arna díol le tríú páirtithe;
- (c) nach mó codán incháilithe an bhreosla eitlíochta incháilithe a shanntar d'eitiltí arna gcomhiomlánú in aghaidh an phéire aeradróm ná an uasteorainn chumaiscthe le haghaidh an bhreosla eitlíochta incháilithe sin mar a dheimhnítear de réir caighdeán idirnáisiúnta aitheanta, má tá feidhm ag teorainn den sórt sin;
- (d) nach ndéantar aon chomhaireamh dúbailte ar an gcainníocht bhreosla eitlíochta incháilithe chéanna, go háirithe nach maítear gur úsáideadh an breosla eitlíochta incháilithe arna cheannach i dtuarascáil níos luaithe é ná ag aon duine eile, ná i gcóras eile.

Chun críoch phointí (a) go (c) den chéad fhomhír, aon bhreosla a bheidh fágtha in umair tar éis eitilte agus sula gcuirfear breosla ar bord, measfar gur breosla iontaise 100 % atá ann.

Chun a léiriú go gcomhlíontar na ceanglais dá dtagraítear faoi phointe (d) den chéad fhomhír den mhír seo agus i gcás inarb infheidhme, féadfaidh an t-oibreoir aerárthaí úsáid a bhaint as na sonraí a thaifeadtar i mbunachar sonraí an Aontais a cuireadh ar bun i gcomhréir le hAirteagal 28(2) de Threoir (AE) 2018/2001.

7. I gcás inarb amhlaidh gurb é nialas fachtóir astaíochta breosla eitlíochta incháilithe, déanfar fachtóir astaíochta gach breosla eitlíochta measctha a ríomh agus a thuairisciú mar an fachtóir astaíochta tosaigh arna iolrú faoi chodán iontaise an bhreosla.;

(14) in Airteagal 55(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘2. De mhaolú ar Airteagal 53, féadfaidh astairí beaga meastachán a dhéanamh faoin ídiú breosla bunaithe ar achar in aghaidh an phéire aeradróm agus uirlisí arna gcur chun feidhme ag Eurocontrol nó ag eagraíocht ábhartha eile á n-úsáid, arb uirlisí iad lenar féidir an fhaisnéis aerthráchta ábhartha uile a phróiseáil agus aon ghanmheastachán ar astaíochtaí a sheachaint.’;

(15) Scriostar Airteagal 57;

(16) Leasaítear Airteagal 58 mar a leanas:

(a) i mír 1, scriostar an dara fomhír;

(b) i mír 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointí (c) agus (d):

‘(c) gach céim sa sreabhadh sonraí ó shonraí príomhúla chuig astaíochtaí bliantúla a léireoidh an seicheamh agus an idirghníomhaíocht idir gníomhaíochtaí an tsreafa sonraí, lena n-áirítear foirmlí ábhartha agus céimeanna comhiomlánaithe ábhartha sonraí a chuirtear i bhfeidhm;

(d) na céimeanna próiseála ábhartha a bhaineann le gach gníomhaíocht shonrach sa sreabhadh sonraí, lena n-áirítear na foirmlí agus na sonraí a úsáidtear chun na hastaíochtaí a chinneadh;’

(17) Leasaítear Airteagal 59 mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 1:

‘1. Déanfaidh an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí córas rialaithe éifeachtach a bhunú, a dhoiciméadú, a chur chun feidhme agus a choinneáil ar bun chun a áirithiú nach mbeidh míráitis sa tuarascáil astaíochtaí bhliantúil a eascraíonn as gníomhaíochtaí an tsreafa sonraí agus go mbeidh an tuarascáil i gcomhréir leis an bplean faireacháin agus leis an Rialachán seo.’;

(b) i mír 4, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘4. Déanfaidh an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí faireachán ar éifeachtacht an chórais rialaithe, lena n-áirítear trí athbhreithnithe inmheánacha a dhéanamh agus trí thorthaí an fhíoraítheora, le linn fhíorú na dtuarascálacha astaíochtaí bliantúla arna dhéanamh de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067, a chur san áireamh.’;

(18) in Airteagal 64(2), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (c):

‘(c) gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a chur chun feidhme, lena n-áirítear aon sonraí dá ndéantar difear a cheartú sa tuarascáil astaíochta de réir mar is iomchuí.’;

(19) Leasaítear Airteagal 67 mar a leanas:

(a) i mír 1, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Fágfaidh na sonraí faireacháin doiciméadaithe agus cartlannaithe go mbeifear in ann na tuarascálacha astaíochtaí bliantúla a fhíorú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067. Sonraí a thuairiscíonn an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí agus atá i gcóras tuairiscithe agus bainistithe sonraí leictreonach arna bhunú ag an údarás inniúil, féadfar a mheas go mbeidh na sonraí sin á gcoinneáil ag an oibreoir nó ag an oibreoir aerárthaí, más féidir leo rochtain a fháil ar na sonraí sin.’;

(b) i mír 2, cuirtear an méid a leanas in ionad an dara fomhír:

‘Déanfaidh an t-oibreoir nó an t-oibreoir aerárthaí, arna iarraidh sin, na doiciméid sin a chur ar fáil don údarás inniúil agus don fhíoraítheoir a bheidh ag fíorú na tuarascála astaíochtaí i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.’;

(20) Leasaítear Airteagal 68 mar a leanas:

(a) scriostar mír 2;

(b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír 3:

‘3. Beidh sna tuarascálacha astaíochtaí bliantúla an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn X ar a laghad.’;

(c) cuirtear an mhír seo a leanas leis:

‘4. Cuirfidh na Ballstáit faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Aibreán gach bliain tuarascáil astaíochtaí bhliantúil fhíoraíthe gach suiteála maidir le dramhaíl chathrach a loscadh dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

I gcás ina mbeidh na hastaíochtaí fíoraíthe ceartaithe ag an Údarás Inniúil tar éis an 30 Aibreán gach bliain, tabharfaidh na Ballstáit fógra faoin gceartúchán sin don Choimisiún gan moill mhíchuí.’;

(21) in Airteagal 69(1), leasaítear pointí (a) go (c) mar a leanas:

‘(a) i gcás suiteáil i gcatagóir A, faoin 30 Meitheamh gach 5 bliana;

(b) i gcás suiteáil i gcatagóir B, faoin 30 Meitheamh gach 3 bliana;

(c) i gcás suiteáil i gcatagóir C, faoin 30 Meitheamh gach 2 bhliain.’;

(22) Leasaítear Airteagal 72 mar a leanas:

- (a) i mír 1, scriostar an dara fomhír;
- (b) scriostar mír 3;

(23) in Airteagal 74(1), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na chéad fhomhíre:

‘1. Féadfaidh na Ballstáit é a chur de cheangal ar an oibreoir agus ar an oibreoir aerárthaí teimpléid leictreonacha nó formáidí comhaid sonracha a úsáid chun pleananna faireacháin agus athruithe ar an bplean faireacháin a chur isteach, mar aon le tuarascálacha astaíochtaí bliantúla, tuarascálacha fíorúcháin agus tuarascálacha feabhsaithe a chur isteach.’;

(24) cuirtear na Caibidlí VIIa agus VIIb isteach:

‘CAIBIDIL VIIa

FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR ASTAÍOCHTAÍ Ó EINTITIS RIALÁILTE

ROINN 1

Forálacha ginearálta

Airteagal 75a

Prionsabail ghinearálta

Beidh feidhm ag Airteagail 4, 5, 6, 7, 8, 9 agus 10 den Rialachán seo maidir leis na hastaíochtaí, na heintitis rialáilte agus na lamháilte a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE. Chun na críche sin:

- (a) tuigfear aon tagairt d'oibreoir agus d'oibreoir aerárthaí mar thagairt don eintiteas rialáilte;
- (b) ní bheidh aon tagairt d'astaíochtaí próisis infheidhme;
- (c) tuigfear aon tagairt shreabha bunaidh mar thagairt do shreabha breosla;
- (d) ní bheidh aon tagairt d'fhoinse astaíochtaí infheidhme;
- (e) tuigfear aon tagairt do ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE mar thagairt do ghníomhaíocht dá dtagraítear in Iarscríbhinn III den Treoir sin;
- (f) tuigfear aon tagairt d'Airteagal 24 de Threoir 2003/87/CE mar thagairt d'Airteagal 30j den Treoir sin atá ann;
- (g) tuigfear aon tagairt do shonraí gníomhaíochta mar thagairt do na méideanna breosla scaoilte arna scaoileadh;
- (h) tuigfear aon tagairt d'fhachtóirí ríomha mar thagairt d'fhachtóirí ríomha agus d'fhachtóir raon feidhme.

Airteagal 75b

Pleananna faireacháin

1. Beidh feidhm ag Airteagal 11, Airteagal 12(2), Airteagail 13 agus 14, Airteagal 15(1) agus (2), agus Airteagal 16. Chun na críche sin:

- (a) aon tagairt d'oibreoir nó d'oibreoir aerárthaí, tuigfear iad mar thagairt don eintiteas rialáilte atá ann;
- (b) aon tagairt do ghníomhaíocht eitlíochta, tuigfear é mar thagairt do ghníomhaíocht an eintitis rialáilte atá ann.

2. Ar a dhéanaí 4 mhí sula dtosódh eintiteas rialáilte ar an ngníomhaíocht a chumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, cuirfidh sé plean faireacháin faoi bhráid an údaráis inniúil lena fhormheas, ach amháin i gcás ina mbeidh teorainn ama mhalartach socraithe ag an údarás inniúil maidir leis an bplean sin a chur isteach.

Is éard a bheidh sa phlean faireacháin doiciméadacht mhionsonrach, iomlán agus thrédhearcach ar mhodheolaíocht faireacháin eintitis rialáilte shonraigh agus beidh na heilimintí a leagtar síos in larscríbhinn I ar a laghad ann.

In éineacht leis an bplean faireacháin, tíolacfaidh an t-eintiteas rialáilte na torthaí ó mheasúnú riosca lena soláthrófar fianaise go bhfuil na gníomhaíochtaí rialaithe agus na nósanna imeachta a bheartaítear le haghaidh gníomhaíochtaí rialaithe ar cóimhéid leis na rioscaí agus leis na rioscaí rialaithe bunúsacha a shainaithnítear.

3. I gcomhréir le hAirteagal 15, ar mhodhnuithe nach beag ar phlean faireacháin eintitis rialáilte, áirítear:

- (a) athruithe ar chatagóir an eintitis rialáilte i gcás inar gá de thoradh na n-athruithe sin athrú a dhéanamh ar an modheolaíocht faireacháin nó i gcás ina n-eascróidh athrú astu ar an leibhéal ábharthachta is infheidhme de bhun Airteagal 23 de Rialachán Cur Chun Feidhme 2018/2067;
- (b) d'ainneoin Airteagal 75n, athruithe maidir le cé acu a mheastar nó nach meastar gur 'eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle' é an t-eintiteas rialáilte;
- (c) athrú ar an leibhéal a chuirtear i bhfeidhm;
- (d) sreabha breosla nua a thabhairt isteach;
- (e) athrú i gcatagóirí na sreabh breosla – idir sreabha breosla móra nó de-minimis i gcás ina bhfágann an t-athrú sin gur gá athrú a dhéanamh ar an modheolaíocht faireacháin;
- (f) athrú ar an luach réamhshocraithe le haghaidh fachtóir ríomha, i gcás ina mbeidh an luach le leagan síos sa phlean faireacháin;
- (g) athrú ar an luach réamhshocraithe le haghaidh an fhachtóra raoin;
- (h) modhanna nua a thabhairt isteach nó athruithe ar mhodhanna atá ann faoi láthair agus a bhaineann leis an tsampláil, anailís nó calabrá, i gcás ina mbeidh tionchar díreach aige sin ar chruinneas na sonraí astaíochtaí.

Airteagal 75c

Indéantacht theicniúil

I gcás ina maífidh eintiteas rialáilte nach bhfuil modheolaíocht faireacháin shonrach indéanta go teicniúil, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar an indéantacht theicniúil, agus réasúnú an eintitis rialáilte á chur san áireamh. Beidh an réasúnú sin bunaithe ar acmhainní teicniúla a bheith ag an eintiteas rialáilte lena mbeifear in ann riachtanais chórais nó cheanglais atá beartaithe a chomhlíonadh, ar córas nó ceanglas é is féidir a chur chun feidhme sa tréimhse a cheanglaítear chun críocha an Rialacháin seo. Áireofar ar na hacmhainní teicniúla sin na teicnící agus an teicneolaíocht is gá a bheith ar fáil.

Chun an faireachán agus an tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí stairiúla le haghaidh na bliana 2024 i gcomhréir le hAirteagal 30f (4) de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh na Ballstáit eintitis rialáilte a dhíolmhú ó réasúnú a thabhairt le maíomh nach bhfuil modheolaíocht faireacháin shonrach indéanta go teicniúil.

Airteagal 75d

Costais mhíréasúnta

1. I gcás ina maífidh eintiteas rialáilte go dtabhófaí costais mhíréasúnta le modheolaíocht faireacháin shonrach a chur i bhfeidhm, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú an bhfuil nó nach bhfuil na costais míréasúnta, agus réasúnú an eintitis rialáilte á chur san áireamh.

Measfaidh an t-údarás inniúil costais a bheith míréasúnta i gcás inar mó an meastachán costais ná an tairbhe. Chuige sin, ríomhfar an tairbhe trí fhachtóir feabhsaithe a iolrú faoi phraghas tagartha EUR 60 in aghaidh an lamháltais. Áireofar leis na costais tréimhse dímhéasa iomchuí bunaithe ar shaolré eacnamaíoch an trealaimh.

2. D'ainneoin mhír 1, measfaidh an t-eintiteas rialáilte costais a bheidh i gceist le modheolaíocht faireacháin shonrach a chur i bhfeidhm, ar costais iad a thabhaíonn tomhaltóirí na sreabh breosla scaoilte, agus tomhaltóirí deiridh san áireamh. Chun críocha na fomhíre seo, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte meastacháin choimeádacha ar na costais a chur i bhfeidhm.

Chun an faireachán agus an tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí stairiúla le haghaidh na bliana 2024 i gcomhréir le hAirteagal 30f(4) de Threoir 2003/87/CE, féadfaidh na Ballstáit eintitis rialáilte a dhíolmhú ó réasúnú a thabhairt le maíomh go dtabhófaí costais mhíreasúnta le modheolaíocht faireacháin shonrach.

3. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chineál míreasúnta na gcostas maidir le rogha na leibhéal na haghaidh mhéideanna breosla an eintitis rialáilte arna scaoileadh, úsáidfídh an t-údarás inniúil mar an fachtóir feabhsaithe dá dtagraítear i mír 1 an difríocht idir an éiginnteacht a bhaintear amach faoi láthair agus tairseach éiginnteachta an leibhéil a bhainfí amach leis an bhfeabhsú arna iolrú faoi na meánastaíochtaí bliantúla arbh é an tsreabh breosla i gcaitheamh na 3 bliana is déanaí ba chúis leo.

In éagmais na sonraí sin ar na meánastaíochtaí bliantúla arbh é an tsreabh breosla i gcaitheamh na 3 bliana is déanaí ba chúis leo, soláthróidh an t-eintiteas rialáilte meastachán coimeádach ar na meánastaíochtaí bliantúla, gan CO₂ a eascraíonn as bithmhais san áireamh. I gcás uirlisí tomhais faoin rialú dlíthiúil méadreolaíoch náisiúnta, féadfar an éiginnteacht a bhaintear amach faoi láthair a ionadú leis an uasearráid incheadaithe i mbun seirbhíse a cheadaítear leis an reachtaíocht náisiúnta ábhartha.

Chun críoch na míre seo, beidh feidhm ag Airteagal 38(5), ar choinníoll go mbeidh ar fáil don eintiteas rialáilte an fhaisnéis ábhartha faoi na critéir maidir le hinbhuanaitheacht agus laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa na mbithbhreoslaí, na mbithleachtanna agus na mbreoslaí bithmhaise a úsáidtear le haghaidh dócháin.

4. Nuair a bheidh measúnú á dhéanamh ar chineál míreasúnta na gcostas maidir le rogha na leibhéal chun fachtóir raoin an eintitis rialáilte a chinneadh agus maidir leis na bearta lena méadaítear cáilíocht sonraí na n-astaíochtaí tuairiscithe ach gan tionchar díreach acu ar chruinneas na sonraí i dtaca le méideanna breosla arna scaoileadh, úsáidfídh an t-údarás inniúil fachtóir feabhsaithe 1 % de mheánastaíochtaí bliantúla na sreabh breosla féin sna trí thréimhse tuairiscithe is déanaí. Ar na bearta lena méadaítear cáilíocht na n-astaíochtaí tuairiscithe ach gan tionchar díreach acu ar chruinneas na sonraí maidir le méideanna breosla arna scaoileadh, féadfar na bearta seo a leanas a áireamh:

- (a) ag aistriú ó luachanna réamhshocraithe chuig anailísí chun fachtóirí ríomha a chinneadh;
- (b) méadú ar an líon anailísí in aghaidh na sreibhe bunaidh;
- (c) i gcás nach dtagann an cúram tomhais sonrach faoi rialú dlíthiúil méadreolaíoch náisiúnta, uirlisí tomhais a ionadú le huirlisí a chomhlíonann ceanglais ábhartha rialú dlíthiúil méadreolaíoch an Bhallstáit i bhfeidhmeanna comhchosúla, nó le huirlisí tomhais a chomhlíonann rialacha náisiúnta arna nglacadh de bhun Threoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*) nó Threoir 2014/32/AE;
- (d) eatraimh chalabrúcháin agus chothabhála na n-uirlisí tomhais a ghiorrú;
- (e) feabhsuithe ar ghníomhaíochtaí sreafa sonraí agus ar ghníomhaíochtaí rialaithe lena laghdaítear an riosca bunúsach nó an riosca rialaithe go suntasach;
- (f) eintitis rialáilte ag aistriú chuig bearta lena sainaitheofar an fachtóir raoin ar bhealach níos cruinne.

5. Bearta a bhaineann le feabhas a chur ar mhodheolaíocht faireacháin de chuid eintitis rialáilte, ní mheasfar go dtabhóidh siad costais mhíreasúnta suas le méid carntha EUR 4 000 in aghaidh na tréimhse tuairiscithe. I gcás eintitis rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle, is é EUR 1 000 in aghaidh na tréimhse tuairiscithe an tairseach a bheidh i gceist.

Airteagal 75e

Eintitis rialáilte agus sreabha breosla a chatagóiriú

1. Chun faireachán a dhéanamh ar astaíochtaí agus na híoscheanglais maidir le leibhéil a chinneadh le haghaidh na bhfachtóirí ríomha gaolmhara, cinnfidh gach eintiteas rialáilte a chatagóir de bhun mhír 2, agus, i gcás inarb ábhartha, catagóir gach sreabha breosla de bhun mhír 3.

2. Déanfaidh an t-eintiteas rialáilte é féin a aicmiú i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- (a) eintiteas i gcatagóir A, i gcás inarb amhlaidh ó 2027 go 2030 go bhfuil na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe cothrom le nó níos lú ná 50 000 tona CO_{2(e)}, gan CO₂ a eascraíonn as bithmhais a áireamh;
- (b) eintiteas i gcatagóir B, i gcás inarb amhlaidh ó 2027 go 2030 go bhfuil na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe níos mó ná 50 000 tona CO_{2(e)}, gan CO₂ a eascraíonn as bithmhais a áireamh.

Ó 2031 ar aghaidh, eintitis i gcatagóirí A agus B dá dtagraítear i bpointí (a) agus (b) den chéad fhomhír, cinnfear iad ar bhonn na meánastaíochtaí bliantúla fíoraithe sa tréimhse trádála díreach roimh an tréimhse trádála atá ann cheana.

De mhaolú ar Airteagal 14(2), féadfaidh an t-údarás inniúil ceadú don eintiteas rialáilte gan an plean faireacháin a mhodhnú i gcás, ar bhonn astaíochtaí fíoraithe, ina sárófar an tairseach maidir le haicmiú an eintitis rialáilte dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ach ina léireoidh an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údaráis inniúil nár sáraíodh an tairseach sin cheana féin laistigh de na cúig thréimhse tuairiscithe roimhe agus nach sárófar arís í i dtréimhsí tuairiscithe dá n-éis.

3. Déanfaidh an t-eintiteas rialáilte gach sreabh breosla a aicmiú i gceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- (a) sreabh breosla *de minimis*, i gcás inar lú ná 1 000 tona CO₂ iontaise in aghaidh na bliana i gcomhpháirt iad na sreabh breosla a roghnaíonn an t-eintiteas rialáilte;
- (b) sreabh breosla móra, i gcás nach mbeidh na sreabh breosla laistigh den chatagóir dá dtagraítear i bpointe (a).

De mhaolú ar Airteagal 14(2), féadfaidh an t-údarás inniúil ceadú don eintiteas rialáilte gan an plean faireacháin a mhodhnú i gcás, ar bhonn astaíochtaí fíoraithe, ina sárófar an tairseach maidir le sreabh breosla a aicmiú mar shreabh breosla *de minimis* dá dtagraítear sa chéad fhomhír, ach ina léireoidh an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údaráis inniúil nár sáraíodh an tairseach sin cheana féin laistigh de na cúig thréimhse tuairiscithe roimhe agus nach sárófar arís í i dtréimhsí tuairiscithe dá n-éis.

4. I gcás nach mbeidh na meánastaíochtaí fíoraithe bliantúla, a úsáidtear chun catagóir an eintitis rialáilte dá dtagraítear i mír 2 a chinneadh, ar fáil nó ionadaíoch a thuilleadh chun críoch mhír 2, úsáidfidh an t-eintiteas rialáilte meastachán coimeádach de mheánastaíochtaí bliantúla, agus gan CO₂ a eascraíonn as bithmhais as an áireamh, chun catagóir an eintitis rialáilte a chinneadh.

5. Chun críoch an Airteagail seo, beidh feidhm ag Airteagal 38(5).

Airteagal 75f

Modheolaíocht faireacháin

Déanfaidh gach eintiteas rialáilte na hastaíochtaí CO₂ bliantúla ó ghníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE a chinneadh trí, le haghaidh gach sreabh breosla, an méid breosla arna scaoileadh a iolrú faoin bhfachtóir coinbhéartúcháin aonaid comhfhreagrach, faoin bhfachtóir raoin comhfhreagrach agus faoin bhfachtóir astaíochta comhfhreagrach.

Sloinnfear an fachtóir astaíochta mar thonaí CO₂ in aghaidh an teireagúil (t CO₂/TJ) i gcomhréir le húsáid an fhachtóra coinbhéartúcháin aonaid.

Féadfar an t-údarás inniúil úsáid na bhfachtóirí astaíochta a cheadú i gcás breoslaí a shloinntear mar tCO₂/t nó tCO₂/Nm³. Sna cásanna sin, cinnfidh an t-eintiteas rialáilte na hastaíochtaí tríd an méid breosla arna scaoileadh, arna shloinneadh mar thonaí nó mar ghnáthmhéadair chiúbacha, a iolrú faoin bhfachtóir raoin comhfhreagrach agus faoin bhfachtóir astaíochta comhfhreagrach.

*Airteagal 75g***Athruithe sealadacha ar an modheolaíocht faireacháin**

1. I gcás inarb amhlaidh ar chúiseanna teicniúla nach indéanta go sealadach an plean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte lena mbaineann an leibhéal is airde is indéanta i bhfeidhm nó, ach amháin i gcás an fhachtóra raoin, cur chuige coimeádach gan leibhéal a bheith i gceist mura mbeidh sé indéanta leibhéal a chur i bhfeidhm, go dtí go n-athbhunófar na dálaí chun an leibhéal a formheasadh sa phlean faireacháin a athbhunú.

Déanfaidh an t-eintiteas rialáilte na bearta uile is gá chun go mbeifear in ann atosú go pras ar an bplean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm.

2. Tabharfaidh an t-eintiteas rialáilte lena mbaineann fógra don údarás inniúil faoin athrú sealadach dá dtagraítear i mír 1 ar an modheolaíocht faireacháin gan moill mhíchúí don údarás inniúil, ar fógra é ina sonrófar an méid seo a leanas:

- (a) na cúiseanna le himeacht ón bplean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil;
- (b) mionsonraí na modheolaíochta faireacháin eatramhaí atá á húsáid ag an eintiteas rialáilte chun na hastaíochtaí a chinneadh go dtí go n-athbhunófar na dálaí chun an plean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm;
- (c) na bearta atá á ndéanamh ag an eintiteas rialáilte chun na dálaí a athbhunú chun an plean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm;
- (d) an pointe ama lena bhfuil coinne go n-atosófar ar an bplean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil a chur i bhfeidhm.

ROINN 2

Modheolaíocht ríomh-bhunaithe

Foroinn 1

Ginearálta*Airteagal 75h***Leibhéil is infheidhme maidir le méideanna breosla arna scaoileadh agus fachtóirí ríomha**

1. Nuair a bheidh na leibhéil ábhartha á sainiú le haghaidh sreabha breosla móra, chun na méideanna breosla arna scaoileadh agus gach fachtóir ríomha a chinneadh, cuirfidh gach eintiteas rialáilte an méid seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) na leibhéil a liostaítear in Iarscríbhinn V ar a laghad, i gcás eintiteas i gcatagóir A, nó i gcás inar gá fachtóir ríomha le haghaidh sreabh breosla ar breosla tráchtála caighdeánach é;
- (b) i gcásanna seachas na cásanna sin dá dtagraítear i bpointe (a), an leibhéal is airde arna shainiú in Iarscríbhinn IIa.

Mar sin féin, i gcás méideanna breosla arna scaoileadh agus fachtóirí ríomha breosla móra, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte leibhéal a chur i bhfeidhm a bheidh suas le dhá leibhéal níos ísle ná mar a cheanglaítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, agus leibhéal 1 mar an t-íosleibhéal, i gcás ina léireoidh sé chun sástacht an údarais inniúil nach bhfuil an leibhéal a cheanglaítear i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, nó i gcás inarb infheidhme an chéad leibhéal eile is airde, indéanta sreabha go teicniúil nó go dtabhaíonn sé costais mhíréasúnta.

2. I gcás sreabha breosla *de minimis*, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte méideanna breosla arna scaoileadh agus gach fachtóir ríomha a chinneadh trí mheastacháin choimeádacha a úsáid seachas leibhéal a úsáid, ach amháin i gcás ina mbeidh leibhéal sainithe indéanta gan iarracht bhreise.

I gcás sreabha breosla dá dtagraítear faoin chéad fhomhír, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte méideanna breosla arna scaoileadh a chinneadh bunaithe ar shonraisc nó ar thaifid cheannacháin, ach amháin i gcás ina mbeidh leibhéal sainithe indéanta gan iarracht bhreise.

3. I gcás inar cheadaigh an t-údarás inniúil úsáid fachtóirí astaíochta arna sloinneadh mar $t\ CO_2/t$ nó $t\ CO_2/Nm^3$ i gcás breoslaí, féadfar faireachán a dhéanamh ar an bhfachtóir coinbhéartúcháin aonaid agus meastachán coimeádach á úsáid seachas leibhéal, ach amháin i gcás ina mbeidh leibhéal sainithe indéanta gan iarracht bhreise.

*Airteagal 75i***Leibhéil is infheidhme maidir leis an bhfachtóir raoin**

1. Nuair a bheidh na leibhéil ábhartha á sainiú le haghaidh sreabha breosla, chun fachtóir an raon feidhme a chinneadh, cuirfidh gach eintiteas rialáilte an leibhéil is airde i bhfeidhm mar a shainítear in Iarscríbhinn IIa.

Mar sin féin, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte leibhéil a chur i bhfeidhm ar leibhéil amháin níos ísle ná mar a cheanglaítear i gcomhréir leis an chéad fhomhír a bheidh ann, i gcás ina léireoidh sé chun sástacht an údarais inniúil nach bhfuil an leibhéil a cheanglaítear i gcomhréir leis an chéad fhomhír indéanta ó thaobh a ghnéithe teicniúla, go dtabhaíonn sé costais mhíreasúnta, nó nach bhfuil na modhanna a liostaítear in Airteagal 75l(2), pointí (a) go (d), ar fáil.

Murab infheidhme é an dara fhomhír, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte leibhéil a chur i bhfeidhm atá dhá leibhéil níos ísle ná mar is gá i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, agus leibhéil 1 mar íosleibhéil, i gcás ina léiríonn sé chun sástacht an údarais inniúil nach bhfuil an leibhéil is gá i gcomhréir leis an gcéad fhomhír indéanta go teicniúil, go dtabhaítear costais mhíreasúnta leis, nó ar bhonn measúnú simplithe maidir le héiginnteacht, go dtiocfaidh cinneadh níos cruinne ó na modhanna a leagtar amach sna leibhéil níos ísle an úsáidtear an breosla le haghaidh dócháin in earnálacha a chumhdaítear le Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE.

I gcás, le haghaidh sreabh breosla, ina n-úsáideann an t-eintiteas rialáilte níos mó ná modh amháin a liostaítear in Airteagal 75l(2), (3) agus (4), éileofar air a léiriú nach gcomhlíontar coinníollacha na míre seo ach amháin i dtaobh an chion de mhéid an bhreosla arna scaoileadh dá n-iarrtar modh an leibhéil is ísle.

2. Le haghaidh sreabha breosla *de minimis*, ní éileofar ar an eintiteas rialáilte a léiriú go gcomhlíontar na coinníollacha i mír 1, mura bhfuil leibhéil sainithe inghnóthaithe gan iarracht bhreise.

Foroinn 2**Méideanna breosla arna scaoileadh***Airteagal 75j***Méideanna breosla arna scaoileadh a chinneadh**

1. Cinnteoidh an t-eintiteas rialáilte na méideanna breosla arna scaoileadh ag sreabh breosla ar cheann de na bealaí seo a leanas:

- (a) i gcás ina gcomhfhreagraíonn na heintitis rialáilte agus na sreabha breosla d'eintitis ar a bhfuil oibleagáidí tuairiscithe faoin reachtaíocht náisiúnta agus ag a bhfuil táirgí fuinnimh faoi réir na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuítear Treoracha 2003/96/CE agus (AE) 2020/262, ar bhonn na modhanna tomhais a úsáidtear chun críocha na ngníomhartha sin nuair a bhunaítear na modhanna sin ar rialú méadreolaíochta náisiúnta;
- (b) ar bhonn chomhiomlánú thomhas na gcainníochtaí ag an bpointe a scaoileadh na sreabha breosla chun ídithe;
- (c) ar bhonn thomhas leanúnach na gcainníochtaí ag an bpointe a scaoileadh na sreabha breosla chun ídithe.

Mar sin féin, féadfaidh na húdarais inniúla a cheangal ar na heintitis rialáilte, i gcás inarb infheidhme, gan ach an modh amháin dá dtagraítear sa chéad fhomhír, pointe (a), a úsáid.

2. I gcás nach indéanta go teicniúil é nó go dtabhófaí costais mhíreasúnta le méideanna breosla arna scaoileadh a chinneadh don bhliain féilire ina hiomláine, agus faoi réir formheasta ag an údarás inniúil, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte an chéad lá eile is iomchuí a roghnú le bliain faireacháin amháin a scaradh ón mbliain ina dhiaidh sin, agus réiteach a dhéanamh go comhréireach don bhliain féilire is gá. Déanfar na himeachtaí lena mbaineann le haghaidh sreabh breosla amháin nó níos mó a dhoiciméadú sa phlean faireacháin, a thaifeadadh go soiléir, a bheidh mar bhunús do luach atá ionadaíoch don bhliain féilire, agus a mheasfar go comhsheasmhach i ndáil leis an gcéad bhliain eile. Féadfaidh an Coimisiún na treoirlínte ábhartha a chur ar fáil.

Agus na méideanna breosla arna scaoileadh á gcinneadh i gcomhréir le mír 1, pointe (b) agus (c) den Airteagal seo, beidh feidhm ag Airteagail 28 agus 29, cé is moite d'Airteagal 28(2), an dara fomhír, an dara habairt agus an tríú fomhír. Chun na críche sin, aon tagairt d'oibreoir ná do shuiteáil, tuigfear mar thagairt don eintiteas rialáilte é.

Féadfaidh an t-eintiteas rialáilte an measúnú éiginnteachta a shimpliú trína thiomhdiú go measfar gurb é an t-uaslíon earráidí incheadaithe a shonraítear don ionstraim tomhais i mbun seirbhíse an éiginnteacht le linn na tréimhse tuairiscithe iomláine mar a éilítear leis na sainithe leibhéil in larscríbhinn IIa.

3. De mhaolú ar Airteagal 75h, i gcás ina n-úsáidtear an modh dá dtagraítear i bpointe (a) de mhír 1 den Airteagal seo, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte na méideanna breosla arna scaoileadh a chinneadh gan leibhéil a úsáid. Tuairisceoidh na húdaráis inniúla don Choimisiún faoin 30 Meitheamh 2026 maidir le cur i bhfeidhm praiticiúil agus na leibhéil éiginnteachta den mhodh dá dtagraítear sa phointe sin.

Foroinn 3

Tosca ríomha

Airteagal 75k

Tosca ríomha a chinneadh

1. Beidh feidhm ag Airteagal 30, Airteagal 31(1), (2) agus (3) agus Airteagail 32, 33, 34, agus 35. Chun na críche sin:

- (a) tuigfear aon tagairt d'oibreoir mar thagairt don eintiteas rialáilte;
- (b) aon tagairt do shonraí gníomhaíochta, tuigfear é mar thagairt do na méideanna breosla arna scaoileadh;
- (c) tuigfear aon tagairt do bhreoslaí nó d'ábhair mar thagairt do bhreoslaí mar a shainítear in Airteagal 3(af) de Threoir 2003/87/CE;
- (d) tuigfear aon tagairt d'larscríbhinn II mar thagairt d'larscríbhinn IIa.

2. Féadfaidh an t-údarás inniúil éileamh ar an eintiteas rialáilte an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid agus an fachtóir astaíochta a chinneadh le haghaidh breoslaí mar a shainítear in Airteagal 3(af) de Threoir 2003/87/CE agus úsáid á baint as na leibhéil chéanna agus is gá le haghaidh breoslaí tráchtála caighdeánacha ar choinníoll go léiríonn aon cheann de na paraiméadair seo a leanas, ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach, eatramh muiníne 95 % sna cásanna seo a leanas:

- (a) faoi bhun 2 % le haghaidh glanluach calrach;
- (b) faoi bhun 2 % le haghaidh an fhachtóra astaíochta, i gcás ina sloinntear méideanna an bhreosla arna scaoileadh mar luach fuinnimh.

Sula gcuirfear an maolú seo i bhfeidhm, cuirfidh an t-údarás inniúil achoimre faoi bhráid an Choimisiúin lena formheas ar an modh agus na foinsí sonraí a úsáidtear lena chinneadh an gcomhlíontar ceann amháin de na coinníollacha sin le 3 bliana anuas, agus chun a áirithiú go mbeidh na luachanna a úsáidtear i gcomhréir leis na meánluachanna a úsáideann oibreoirí ar an leibhéal comhfhreagrach náisiúnta nó réigiúnach. Féadfaidh an t-údarás inniúil fianaise den sórt sin a bhailiú nó a iarraidh. Uair amháin gach 3 bliana ar a laghad déanfaidh sé athbhreithniú ar na luachanna a úsáidtear agus tabharfaidh sé fógra don Choimisiún má tá aon athrú nach beag ann, agus meán na luachanna a úsáideann na hoibreoirí ar an leibhéal náisiúnta nó réigiúnach á chur san áireamh.

Féadfaidh an Coimisiún athbhreithniú tráthrialta a dhéanamh ar ábharthacht na forála seo agus na gcoinníollacha a leagtar amach sa mhír seo i bhfianaise na bhforbairtí ar an margadh breoslaí agus sa phróiseas caighdeánaithe Eorpach.

*Airteagal 75l***An fachtóir raoin a chinneadh**

1. I gcás nach n-úsáidtear na méideanna breosla arna scaoileadh de shreabh breosla ach amháin le haghaidh dócháin in earnálacha a chumhdaítear le hlarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, socrófar an fachtóir raoin ag 1.

I gcás nach n-úsáidtear méideanna breosla arna scaoileadh de shreabh breosla ach amháin le haghaidh dócháin in earnálacha a chumhdaítear le Caibidlí II agus III de Threoir 2003/87/CE, cé is moite de shuiteálacha a eisiatar faoi Airteagal 27a den Treoir sin, socrófar an fachtóir raoin ag nialas, ar choinníoll go léiríonn an t-eintiteas rialáilte gur seachnaíodh an comhaireamh dúbailte dá dtagraítear in Airteagal 30f(5) de Threoir 2003/87/CE.

Cinnfidh an t-eintiteas rialáilte fachtóir raoin le haghaidh gach sreabh breosla trí na modhanna dá dtagraítear i mír 2 a chur i bhfeidhm, nó luach réamhshocraithe i gcomhréir le mír 3, ag brath ar an leibhéal is infheidhme.

2. Cinnfidh an t-eintiteas rialáilte an fachtóir raoin ar bhonn ceann amháin nó níos mó de na modhanna seo a leanas, i gcomhréir le ceanglais an leibhéil is infheidhme mar a leagtar amach in Iarscríbhinn IIa a ghabhann leis an Rialachán seo:

- (a) modhanna atá bunaithe ar an idirdhealú fisiceach de shreabh breosla, lena n-áirítear modhanna atá bunaithe ar an idirdhealú maidir le réigiún geografach nó atá bunaithe ar úsáid ionstraimí tomhais ar leithligh;
- (b) modhanna atá bunaithe ar airíonna ceimiceacha na mbreoslaí, a fhágann gur féidir le heintitis rialáilte a léiriú nach féidir an breosla ábhartha a úsáid ach amháin le haghaidh dócháin in earnálacha sonracha, de thairbhe cúiseanna dlíthiúla, teicniúla nó eacnamaíocha;
- (c) marcóir físcach a úsáid i gcomhréir le Treoir 95/60/CE ón gComhairle (**);
- (d) an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil fhíoraithe a úsáid dá dtagraítear in Airteagal 68(1);
- (e) slabhra de shocruithe conarthacha agus sonraisc inrianaithe ('líne chúraim'), atá ionadaíoch ar an slabhra soláthair iomlán idir an t-eintiteas rialáilte agus na tomhaltóirí, lena n-áirítear tomhaltóirí deiridh;
- (f) marcóirí nó dathanna (ruaimeanna) náisiúnta a úsáid le haghaidh breoslaí, bunaithe ar an reachtaíocht náisiúnta;
- (g) modhanna indíreacha lenar féidir idirdhealú cruinn a dhéanamh idir úsáidí deiridh na mbreoslaí an tráth a scaoileadh chun ídithe iad, amhail próifílí tomhailte a bhaineann le hearnáil go sonrach, raonta tipiciúla acmhainneachta de leibhéal ídithe breosla na dtomhaltóirí, agus leibhéal bhrú amhail na cinn sin atá ag breoslaí gásacha, ar choinníoll go bhformheasann an t-údarás inniúil úsáid an mhodha sin. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a chur ar fáil maidir leis na modhanna indíreacha is infheidhme.

3. Faoi réir na leibhéil is gá, i gcás nach bhfuil sé indéanta go teicniúil na modhanna a liostaítear i mír 2 a chur i bhfeidhm nó go dtabhófaí costais mhíreasúnta leis, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte luach réamhshocraithe 1 a úsáid.

4. De mhaolú ar mhír 3, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte luach réamhshocraithe a chur i bhfeidhm atá níos ísle ná 1, ar choinníoll an mhéid seo a leanas:

- (a) chun astaíochtaí a thuairisciú sna blianta tuairiscithe 2024 go 2026 léiríonn an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údaráis inniúil go dtiocfaidh cinneadh níos cruinne astaíochtaí ó luachanna réamhshocraithe níos ísle ná 1 a úsáid, nó
- (b) chun astaíochtaí a thuairisciú sna blianta tuairiscithe ó 1 Eanáir 2027 ar aghaidh, léiríonn an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údaráis inniúil go dtiocfaidh cinneadh níos cruinne astaíochtaí ó luachanna réamhshocraithe níos ísle ná 1 a úsáid, agus go gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:
 - (i) is sreabh breosla de minimis í an tsreabh breosla;
 - (ii) an luach réamhshocraithe don tsreabh breosla, ní ísle é ná 0,95 le haghaidh úsáidí breosla in earnálacha a chumhdaítear le hlarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ná ní airde é ná 0,05 le haghaidh úsáidí breosla in earnálacha nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin.

5. I gcás, le haghaidh sreabh breosla, ina n-úsáideann an t-eintiteas rialáilte níos mó ná modh amháin a liostaítear i míreanna 2, 3 agus 4, cinnfidh sé an fachtóir raoin mar mheán ualaithe na bhfachtóirí difriúla raoin de thoradh ar úsáid gach modha. Le haghaidh gach modh a úsáidtear, tiolacfaidh an t-eintiteas rialáilte faisnéis maidir leis an gcineál modha, an fachtóir raoin comhbhainteach, an méid breosla arna scaoileadh agus an cód ón bhformáid choiteann tuairiscithe le haghaidh córais náisiúnta fardail gás ceaptha teasa, arna fhormheas ag na comhlachtaí faoi seach de Chreat-Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar an Athrú Aeráide (cód Fhormáid Choiteann Tuairiscithe (FCT)), ar an leibhéal mionsonraí atá le fáil.

6. De mhaolú ar mhír 1 den Airteagal seo agus d'Airteagal 75i, féadfaidh Ballstát a cheangal ar eintitis rialáilte modh sonrach dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo a úsáid nó luach réamhshocraithe a úsáid le haghaidh cineál áirithe breosla nó i réigiún áirithe laistigh dá chríoch. Beidh úsáid luachanna réamhshocraithe ar leibhéal náisiúnta faoi réir formheas a fháil ón gCoimisiún.

Le linn don Choimisiún an luach réamhshocraithe a fhormheas i gcomhréir leis an gcéad fhomhír, measfaidh sé an leibhéal iomchuí comhchuibhithe modheolaíochtaí idir na Ballstáit, an cothrom idir cruinneas, éifeachtúlacht riarthach agus impleachtaí do chur ar aghaidh costais do thomhaltóirí, chomh maith le riosca féideartha de theacht timpeall ar oibleagáidí faoi Chaibidil IVa de Threoir 2003/87/CE.

Aon luach réamhshocraithe don tsreabh breosla náisiúnta a úsáidtear faoin mír seo, ní bheidh sé níos ísle ná 0,95 le haghaidh úsáidí breosla in earnálacha a chumhdaítear le hIarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ná ní bheidh sé níos airde ná 0,05 le haghaidh úsáidí breosla in earnálacha nach gcumhdaítear leis an Iarscríbhinn sin.

7. Sonróidh an t-eintiteas rialáilte na modhanna atá le cur i bhfeidhm nó na luachanna réamhshocraithe sa phlean faireacháin.

Foroinn 4

Cóireáil bithmhaise

Airteagal 75m

Sreabha breoslaí bithmhaise a scaoileadh

1. Beidh feidhm ag Airteagail 38 agus 39, cé is moite de mhír 2 agus 2a. Chun na críche sin:

- (a) tuigfear aon tagairt d'oibreoir mar thagairt don eintiteas rialáilte;
- (b) aon tagairt do shonraí gníomhaíochta, tuigfear é mar thagairt do na méideanna breosla arna scaoileadh;
- (c) tuigfear aon tagairt do shreabha bunaidh mar thagairt do shreabha breosla;
- (d) tuigfear aon tagairt d'Iarscríbhinn II mar thagairt d'Iarscríbhinn IIa;
- (e) tuigfear aon tagairt do mhír 39(2) mar thagairt do mhír 3 den Airteagal seo.

2. I gcás inarb infheidhme Airteagal 38(5), cuirfear na maoluithe tairsí i gcomhréir le hAirteagal 29(1), an ceathrú fhomhír, de Threoir (AE) 2018/2001 san áireamh, ar choinníoll gur féidir leis an eintiteas rialáilte an fhianaise ábhartha a léiriú chun sástacht an údaráis inniúil. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a chur ar fáil faoin gcaoi chun na maoluithe tairseach sin a chur i bhfeidhm a thuilleadh.

3. I gcás, faoi réir an leibhéil a éilítear, nach mór don eintiteas rialáilte anailísí a dhéanamh chun an codán bithmhaise a chinneadh, déanfaidh sé amhlaidh ar bhonn caighdeáin ábhartha agus na modhanna anailíseacha ann, ar choinníoll go dtugann an t-údarás inniúil formheas d'úsáid an chaighdeáin sin agus an mhodha anailísigh.

I gcás, faoi réir an leibhéil a éilítear, nach mór don eintiteas rialáilte anailísí a dhéanamh leis an gcodán bithmhaise a chinneadh, ach nach indéanta go teicniúil é cur i bhfeidhm na chéad fhomhíre nó go dtabhófaí costais mhíreasúnta leis, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte modh meastacháin malartach chun an codán bithmhaise a chinneadh faoi bhráid an údaráis inniúil lena fhormheas.

ROINN 3

Forálacha eile

Airteagal 75n

Eintitis rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle

1. Féadfaidh an t-údarás inniúil a mheas gur eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle é eintiteas rialáilte i gcás ina gcomhlíontar ceann amháin ar a laghad de na coinníollacha seo a leanas:

- (a) idir 2027 agus 2030 bhí an meánlíon fíoraíthe d'astaíochtaí bliantúla sa 2 bhliain roimh an tréimhse tuairiscithe, cé is moite de CO₂ a eascraíonn as bithmhais, níos lú ná 1 000 tona de CO₂ in aghaidh na bliana;
- (b) ó 2031 ar aghaidh bhí meánlíon astaíochtaí bliantúla an eintitis rialáilte sin arna dtuairisciú sna tuarascálacha astaíochtaí fíoraíthe le linn na tréimhse trádála díreach roimh an tréimhse trádála atá ann cheana, cé is moite de CO₂ a eascraíonn as bithmhais, níos lú ná 1 000 tona de CO₂ in aghaidh na bliana;
- (c) i gcás nach bhfuil an meánlíon astaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i bpointe (a) le fáil ná nach bhfuil siad ionadaíoch a thuilleadh chun críoch phointe (a), ach go mbeidh astaíochtaí bliantúla an eintitis rialáilte sin go ceann na chéad 5 bliana, cé is moite de CO₂ a eascraíonn as bithmhais, bunaithe ar mhodh meastacháin caomhach, níos lú ná 1 000 tona de CO_{2(e)} in aghaidh na bliana.

Chun críoch na míre seo, beidh feidhm ag Airteagal 38(5).

2. Ní cheanglófar ar an eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle na doiciméid tacaíochta dá dtagraítear in Airteagal 12(1), an tríú fomhír a thíolacadh.

3. De mhaolú ar Airteagal 75j, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle an méid breosla arna scaoileadh a chinneadh trí úsáid a bhaint as taifid cheannaigh atá le fáil agus doiciméadaithe agus as athruithe measta ar stoc.

4. De mhaolú ar Airteagal 75 h, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle leibhéal 1 a chur i bhfeidhm mar leibhéal fosta chun méideanna breosla arna scaoileadh agus fachtóirí ríomha le haghaidh gach sreabh breosla a chinneadh, mura bhfuil cruinneas níos airde indéanta gan dua breise a chur ar an eintiteas rialáilte.

5. Chun na críche fachtóirí ríomha a chinneadh ar bhonn anailís i gcomhréir le hAirteagal 32, féadfaidh an t-eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle aon saotharlann a úsáid ag a bhfuil an inniúlacht theicniúil agus an cumas chun torthaí atá bailí go teicniúil a ghiniúint leis na nósanna imeachta anailíseacha ábhartha, agus a chuireann fianaise ar fáil ar mhaithe le bearta dearbhaithe cáilíochta dá dtagraítear in Airteagal 34(3).

6. I gcás ina sáraíonn eintiteas rialáilte ag a bhfuil astaíochtaí ísle atá faoi réir faireachán simplithe an tairseach dá dtagraítear i mír 2 in aon bhliain féilire, tabharfaidh an t-eintiteas rialáilte sin fógra don údarás inniúil faoi sin gan moill mhíchúí.

Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte, gan moill mhíchúí, modhnú nach beag ar an bplean faireacháin de réir bhrí Airteagal 15(3), pointe (b), faoi bhráid an údaráis inniúil lena fhorghnas.

Mar sin féin, ceadóidh an t-údarás inniúil don eintiteas rialáilte leanúint ar aghaidh le faireachán simplithe ar choinníoll go léiríonn an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údaráis inniúil nár sáraíodh cheana féin an tairseach dá dtagraítear i mír 2 laistigh de na cúig thréimhse thuairiscithe is déanaí, agus nach sárófar arís í ón tréimhse tuairiscithe dár gcionn ar aghaidh.

Airteagal 75o

Bainistiú agus comhordú sonraí

Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil V. A mhéid a bhaineann leis sin, tuigfear aon tagairt d'oibreoirí/don oibreoir mar thagairt don eintiteas rialáilte.

*Airteagal 75p***Tuascálacha astaíochtaí bliantúla**

1. Ó 2026 ar aghaidh, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte tuascáil astaíochtaí faoi bhráid an údaráis inniúil faoin 30 Aibreán gach bliain lena gcumhdaítear na hastaíochtaí bliantúla sa tréimhse tuairiscithe agus a fhóraithe i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.

In 2025, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte tuascáil astaíochtaí faoi bhráid an údaráis inniúil faoin 30 Aibreán lena gcumhdaítear na hastaíochtaí bliantúla in 2024. Áiríteoidh na húdaráis inniúla go bhfuil an fhaisnéis a chuirtear ar fáil sa tuascáil sin i gcomhréir le ceanglais an Rialacháin seo.

Mar sin féin, féadfaidh údaráis inniúla a cheangal ar eintitis rialáilte na tuascálacha astaíochtaí bliantúla dá dtagraítear sa mhír seo a thíolacadh faoin 30 Aibreán, ar choinníoll go gcuirtear an tuascáil isteach ar a luaithe 1 mhí amháin tar éis na sprioc-ama a leagtar amach in Airteagal 68(1).

2. Beidh an fhaisnéis a liostaítear in Iarscríbhinn X ar a laghad le fáil sna tuascálacha astaíochtaí bliantúla dá dtagraítear i mír 1.

*Airteagal 75q***Tuairisciú ar fheabhsuithe ar an modheolaíocht faireacháin**

1. Déanfaidh gach eintiteas rialáilte seiceáil go tráthrialta an féidir feabhas a chur ar an mhodheolaíocht faireacháin.

Cuirfidh eintitis rialáilte tuascáil faoi bhráid an údaráis inniúil lena formheas ina bhfaighfear an fhaisnéis dá dtagraítear i mír 2 nó 3, i gcás inarb iomchuí, faoi na sprioc-amanna seo a leanas:

- (a) i gcás eintiteas i gcatagóir A, faoin 31 Iúil gach 5 bliana;
- (b) i gcás eintiteas i gcatagóir B, faoin 31 Iúil gach 3 bliana;
- (c) i gcás aon eintitis rialáilte atá ag úsáid an fhachtóra raoin réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 75l(3) agus (4), faoin 31 Iúil 2026.

Mar sin féin, féadfaidh an t-údarás inniúil dáta malartach a shocrú do thíolacadh na tuascála, dáta nach déanaí ná an 30 Meán Fómhair den bhliain chéanna, agus féadfaidh síneadh leis an sprioc-am is infheidhme de bhun an dara fómhair a fhorgha, in éineacht leis an bplean faireacháin nó an tuascáil feabhsaithe, má chuireann an t-eintiteas rialáilte fianaise ar fáil chun sástacht an údaráis inniúil ar thíolacadh plean faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 75b nó ar fhógra a thabhairt faoi nuashonruithe i gcomhréir leis an Airteagal sin, nó ar thíolacadh tuascála feabhsaithe i gcomhréir leis an Airteagal seo, go bhfuil na fáthanna le costais mhíreáúnta nó le bearta feabhsaithe gan a bheith indéanta go teicniúil fós bailí go ceann tréimhse ama níos faide. Cuirfear san áireamh leis an síneadh an líon blianta a gcuireann an t-eintiteas rialáilte fianaise ar fáil ina leith. Ní sháirídh an tréimhse ama iomlán idir tuascálacha ar fheabhsuithe 4 bliana i gcás eintiteas rialáilte i gcatagóir B nó 5 bliana i gcás eintiteas rialáilte i gcatagóir A.

2. Maidir leis na leibhéil is gá de bhun na chéad fhomhíre d'Airteagal 75h(1) agus de bhun Airteagal 75i(1), i gcás nach gcuireann an t-eintiteas rialáilte iad sin ar laghad i bhfeidhm maidir le sreabha breosla móra, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte réasúnú maidir leis an bhfáth nach indéanta go teicniúil é nó go dtabhófaí costais mhíreáúnta leis chun na leibhéil is gá a chur i bhfeidhm.

Mar sin féin, i gcás ina n-aimsítear fianaise go bhfuil na bearta is gá chun na leibhéil sin a bhaint amach tar éis éirí indéanta go teicniúil, agus nach dtabhaítear costais mhíreáúnta leo a thuilleadh, tabharfaidh an t-eintiteas rialáilte fógra don údarás inniúil faoi mhodhuithe iomchuí ar an bplean faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 75b, agus tíolacfaidh sé tograí maidir leis na bearta gaolmhara a chur chun feidhme agus n-uainiú.

3. I gcás ina gcuireann eintiteas rialáilte fachtóir raoin réamhshocraithe dá dtagraítear in Airteagal 75l(3) agus (4) i bhfeidhm, tabharfaidh an t-eintiteas rialáilte réasúnú leis an bhfáth nach bhfuil sé indéanta go teicniúil nó go dtabhófaí costais mhíreáúnta le haon mhodh eile dá dtagraítear in Airteagal 75l(2) a chur i bhfeidhm le haghaidh ceann amháin nó níos mó de shreabha breosla móra nó *de minimis*.

Mar sin féin, i gcás ina n-aimsítear fianaise le haghaidh na sreabh breosla sin go bhfuil sé tar éis éirí indéanta go teicniúil, agus nach dtabhaítear costais mhírásúnta leis a thuilleadh aon mhodh eile dá dtagraítear in Airteagal 75l(2) a chur i bhfeidhm, tabharfaidh an t-eintiteas rialáilte fógra don údarás inniúil faoi mhodhnuithe iomchuí ar an bplean faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 75b, agus tiolacfaidh sé tograí chun na bearta gaolmhara a chur chun feidhme agus dá n-uainiú.

4. I gcás ina maítear sa tuarascáil fíorúcháin a bhunaítear i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067 neamhréireachtaí nó moltaí amuigh le haghaidh feabhsuithe, i gcomhréir le hAirteagal 27, 29 agus 30 den Rialachán Cur Chun Feidhme sin, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte tuarascáil faoi bhráid an údaráis inniúil lena formheas faoin 31 Iúil den bhliain ina n-eisíonn an fíoraitheoir an tuarascáil fíorúcháin sin. Tabharfar tuairisc sa tuarascáil sin ar an mbealach agus ar an uair a cheartaigh an t-eintiteas rialáilte nó atá sé ag beartú na neamhréireachtaí a d'aithin an fíoraitheoir a cheartú, agus chun feabhsuithe molta a chur chun feidhme.

Féadfaidh an t-údarás inniúil dáta malartach a shocrú leis an tuarascáil dá dtagraítear sa mhír seo a chur isteach, ach faoi thráth nach déanaí ná 30 Meán Fómhair den bhliain chéanna. I gcás inarb infheidhme, féadfar tuarascáil den sórt sin a chomhcheangal leis an tuarascáil dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo.

I gcás nach dtiocfadh feabhsuithe ar an modheolaíocht faireacháin ó na feabhsuithe atá molta, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte réasúnú ar fáil faoin bhfáth arb amhlaidh atá. I gcás ina dtabhófaí costais mhírásúnta leis na feabhsaithe atá molta, cuirfidh an t-eintiteas rialáilte fianaise ar fáil de chineál míréasúnta na gcostas.

5. Ní bheidh feidhm ag mír 4 den Airteagal seo i gcás ina réitigh an t-eintiteas rialáilte na neamhréireachtaí agus moltaí feabhsaithe uile cheana féin, agus ina bhfuil modhnuithe gaolmhara ar an bplean faireacháin curtha faoi bhráid an údaráis inniúil aige lena bhformheas i gcomhréir le hAirteagal 75b den Rialachán seo roimh an dáta a shocraítear de bhun mhír 4 den Airteagal seo.

Airteagal 75r

Cinneadh na n-astaíochtaí ag an údarás inniúil

1. Déanfaidh an t-údarás inniúil meastachán coimeádach ar astaíochtaí eintitis rialáilte, agus impleachtaí do chur ar aghaidh costais chuig tomhaltóirí á gcur san áireamh, in aon cheann de na himthosca seo a leanas:

- (a) níor thíolaic an t-eintiteas rialáilte aon tuarascáil astaíochtaí bhliantúil fhíoraithe faoin sprioc-am a éilítear de bhun Airteagal 75p;
- (b) níl an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil fhíoraithe dá dtagraítear in Airteagal 75p i gcomhréir leis an Rialachán seo;
- (c) ní dhearnadh tuarascáil astaíochtaí bhliantúil ó eintiteas rialáilte a fhíorú i gcomhréir le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067.

2. I gcás ina bhfuil sé luaite ag fíoraitheoir sa tuarascáil fíorúcháin de bhun Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2067, gur ann do mhírítis neamhábharta nár cheartaigh an t-eintiteas rialáilte iad sular eisíodh an tuarascáil fíorúcháin, déanfaidh an t-údarás inniúil measúnú ar na míráitis sin agus, i gcás inarb iomchuí, déanfaidh sé meastachán coimeádach ar astaíochtaí an eintitis rialáilte, agus na himpleachtaí maidir le costais a chur ar aghaidh do thomhaltóirí á gcur san áireamh. Cuirfidh an t-údarás inniúil in iúl don eintiteas rialáilte an bhfuil gá le ceartúcháin ar an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil, agus na ceartúcháin a bhfuil gá leo. Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte an fhaisnéis sin ar fáil don fhíoraitheoir.

3. Bunóidh na Ballstáit malartú faisnéise éifeachtúil idir na húdaráis inniúla atá freagrach as pleananna faireacháin a fhorghas agus na húdaráis inniúla atá freagrach as na tuarascálacha astaíochtaí bliantúla a ghlacadh.

Airteagal 75s

Rochtain ar fhaisnéis agus slánú sonraí

Beidh feidhm ag Airteagal 71 agus Airteagal 72(1) agus (2). A mhéid a bhaineann leis sin, tuigfear aon tagairt d'oibreoirí agus d'oibreoirí aerárthaí mar thagairt do na heintitis rialáilte.

*Airteagal 75t***Comhsheasmhacht le tuairisciú eile a áirithiú**

Chun críoch tuairiscithe ar astaíochtaí ghníomhaíochtaí a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE:

- (a) déanfar na hearnálacha ina scaoiltear na breoslaí mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE chun ídithe, agus ina ndóitear iad a lipéadú leis na cóid CRF;
- (b) déanfar na breoslaí mar a shainítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE a lipéadú leis na cóid AC i gcomhréir leis an reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoracha 2003/96/CE agus 2009/30/CE, i gcás inarb ábhartha;
- (c) chun comhsheasmhacht a áirithiú leis an tuairisciú chun críoch cánach de bhun reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoracha 2003/96/CE agus (AE) 2020/262, úsáidfidh an t-eintiteas rialáilte, i gcás inarb ábhartha, uimhir chláráithe agus aitheantais oibreoirí eacnamaíocha de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (***) an uimhir mháil de bhun Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 (****) nó an uimhir náisiúnta chlárúcháin agus aitheantais mháil a eisiúnn an t-údarás inniúil de bhun reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2003/96/CE, le linn dóibh a sonraí teagmhála a thuairisciú sa phlean faireacháin agus sa tuarascáil astaíochtaí.

*Airteagal 75u***Ceanglais teicneolaíochta faisnéise**

Beidh feidhm ag forálacha Chaibidil VII. A mhéid a bhaineann leis sin, tuigfear aon tagairt d'oibreoir agus d'oibreoir aerárthaí mar thagairt don eintiteas rialáilte.

CAIBIDIL VIIb

FORÁLACHA COTHROMÁNACHA A BHIAINEANN LE FAIREACHÁN A DHÉANAMH AR ASTAÍOCHTAÍ Ó EINTITIS RIALÁILTE*Airteagal 75v***Comhaireamh dúbailte a sheachaint trí fhaireachán agus thuairisciú**

1. Éascóidh Ballstáit malartuithe éifeachtúla faisnéise lena gcumasaítear na heintitis rialáilte chun úsáid deiridh an bhreosla arna scaoileadh chun ídithe a chinneadh.
2. Déanfaidh gach oibreoir, in éineacht lena thuarascáil astaíochtaí fhíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 68(1), faisnéis a thíolacadh i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa. Féadfaidh Ballstáit a éileamh go gcuirfidh oibreoirí an fhaisnéis ábhartha a liostaítear in Iarscríbhinn Xa ar fáil don eintiteas rialáilte lena mbaineann tráth níos luaithe ná 31 Márta den bhliain tuairiscithe.
3. Déanfaidh gach eintiteas rialáilte, in éineacht lena dtuarascáil astaíochtaí fhíoraithe i gcomhréir le hAirteagal 75p(1), faisnéis a thíolacadh maidir le tomhaltóirí na mbreoslaí a scaoil sé chun ídithe mar a liostaítear in Iarscríbhinn Xb.
4. Déanfaidh gach eintiteas rialáilte a scaoileann breosla le haghaidh dócháin, in earnálacha a chumhdaítear le Caibidil III de Threoir 2003/87/CE, a n-astaíochtaí sa tuarascáil dá dtagraítear in Airteagal 75p(1) den Rialachán seo a chinneadh trí úsáid a bhaint as an bhfaisnéis ó thuarascálacha oibreora a thíolactar i gcomhréir le hIarscríbhinn Xa den Rialachán seo agus trí na méideanna ábhartha dá dtagraítear sna tuarascálacha sin a asbhaint. Ní fhéadfar na méideanna breoslaí a fuarthas ach nár úsáideadh in aon bhliain amháin a asbhaint ach amháin má dheimhnítear i dtuarascáil astaíochtaí fhíoraithe an oibreora den bhliain dár gcionn gur úsáideadh iad le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE. Mura ndéantar amhlaidh, léireofar an difríocht sna tuarascálacha astaíochtaí fhíoraithe den eintiteas rialáilte don bhliain sin.
5. I gcás ina n-asbhaintear na méideanna breoslaí sa bhliain i ndiaidh na bliana tuairiscithe, bunófar an asbhaint i bhfoirm dearbhlaghduithe astaíochtaí, rud a dhíorthaítear ó mhéid na mbreoslaí a d'úsáid an t-oibreoir a iolrú faoin bhfachtóir astaíochta comhfhreagrach i bplean faireacháin an eintitis rialáilte.
6. I gcás nach féidir leis an eintiteas rialáilte a fháil amach go n-úsáidtear na breoslaí arna scaoileadh chun ídithe le haghaidh dócháin in earnálacha atá faoi réir Chaibidil III de Threoir 2003/87/CE, ní bheidh feidhm ag míreanna 4 agus 5.

7. Féadfaidh na Ballstáit a éileamh go gcuirfidh oibreoirí aerárthaí forálacha an Airteagail seo a bhaineann le hoibreoirí i bhfeidhm freisin.

Airteagal 75w

An chialais a chosc agus an oibleagáid chun dul i gcomhar

1. Chun a áirithiú go ndéanfar faireachán agus tuairisciú cruinn ar astaíochtaí a chumhdaítear le Caibidil IVa de Threoir 2003/87/CE, bunóidh na Ballstáit bearta in aghaidh na calaoise, agus cinntfidh siad na pionóis a bheidh le forchur i gcás na calaoise a bheidh ar cóimhéid lena gcuspóir agus a mbainfidh éifeacht dhíspreagthach shásúil leo.

2. I dteannta oibleagáidí a bhunaítear de bhun Airteagal 10, rachaidh na húdaráis inniúla a ainmnítear de bhun Airteagal 18 de Threoir 2003/87/CE i gcomhar a chéile agus malartóidh siad faisnéis leis na húdaráis inniúla ar a bhfuil an mhaoirseacht curtha de dhualgas de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear Treoracha 2003/96/CE agus (AE) 2020/262, i gcás inarb ábhartha, chun críocha an Rialacháin seo, lena n-áirítear chun sáruihte a bhrath agus pionóis a ghearradh dá dtagraítear i mír 1 nó bearta ceartaitheacha a dhéanamh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2003/87/CE.

- (*) Treoir 2014/31/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 26 Feabhra 2014 maidir le comhfhogasú dhlíthe na mBallstát a bhaineann le huirlisí neamh-uathoibríocha meáite a chur ar fáil ar an margadh (IO L 96, 29.3.2014, lch. 107).
- (**) Treoir 95/60/CE ón gComhairle an 27 Samhain 1995 maidir le marcáil fhioscach olaí gáis agus ceirísín (IO L 291, 6.12.1995, lch. 46).
- (***) Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 9 Deireadh Fómhair 2013 lena leagtar síos Cód Custaim an Aontais (IO L 269, 10.10.2013, lch. 1).
- (****) Rialachán (AE) Uimh. 389/2012 ón gComhairle an 2 Bealtaine 2012 maidir le comhar riaracháin i réimse na ndleachtanna máil agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 2073/2004 (IO L 121, 8.5.2012, lch. 1).;

(25) Leasaítear Iarscríbhinn I mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 1 mar seo a leanas:

- (i) i mír (1), pointe (f), cuirtear an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe 'ISO 14001:2015' in ionad na tagartha don chaighdeán comhchuibhithe 'ISO 14001:2004';
- (ii) i mír (7), pointe (d), cuirtear an méid seo a leanas

'Rialachán (AE) 2019/1122 (*) in ionad na tagartha do 'Rialachán (AE) Uimh. 1193/2011'

(*) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1122 ón gCoimisiún an 12 Márta 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le feidhmiú Chlárlann an Aontais (IO L 177, 2.7.2019, lch. 3).;

(iii) cuirtear an mhír (10) seo a leanas leis:

'(10) I gcás inarb infheidhme, faoin 31 Nollaig 2026, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun faisnéis a thíolacadh mar a thugtar tuairisc air in Airteagal 75v(2).';

(b) Leasaítear Roinn 2 mar seo a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

'ÁBHAR ÍOSTA NA bPLEANANNA FAIREACHÁIN LE HAGHAIDH NA HEITLÍOCHTA';

- (ii) i mír 1, pointe (i), cuirtear an tagairt don chaighdeán comhchuibhithe 'ISO 14001:2015' in ionad na tagartha don chaighdeán comhchuibhithe 'ISO 14001:2004';

(iii) i mír (1), cuirtear na pointí seo a leanas isteach:

- (l) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh an bhfuil bithbhreosla i gcomhréir le hAirteagal 38(5);
- (m) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí bithbhreosla a chinneadh agus chun a áirithiú nach dtarlaíonn aon chomhaireamh dubailte i gcomhréir le hAirteagal 54;
- (n) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun measúnú a dhéanamh an bhfuil an breosla eitlíochta incháilithe i gcomhréir le hAirteagal 54a(2);
- (o) i gcás inarb infheidhme tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí incháilithe de bhreosla eitlíochta a chinneadh agus chun a áirithiú nach bhfuil aon chomhaireamh dubailte ann i gcomhréir le hAirteagal 54a.;

(iv) i mír (2), scriostar pointí (f) agus (g);

(c) Scriostar Roinn 3;

(d) cuirtear an Roinn seo a leanas isteach:

‘4. INNEACHAR ÍOSTA NA bPLEANANNA FAIREACHÁIN LE HAGHAIDH EINTITIS RIALÁILTE

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad le fáil sa phlean faireacháin le haghaidh eintitis rialáilte:

(1) faisnéis ghinearálta faoin eintiteas rialáilte:

- (a) sainaitheantas an eintitis rialáilte, sonraí teagmhála lena n-áirítear seoladh, agus i gcás inarb ábhartha uimhir chlárúcháin agus aitheantais an oibreora eacnamaíoch de bhun Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, an uimhir mháil de bhun Rialachán (AE) 389/2012 nó an uimhir chlárúcháin agus aitheantais mháil náisiúnta arna heisiúint ag an údarás ábhartha de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2003/96/CE, a úsáidtear don tuairisciú chun críoch cánach de bhun na reachtaíochta náisiúnta lena dtrasuitear Teoracha 2003/96/CE agus (AE) 2020/262;
- (b) tuairisc ar an eintiteas rialáilte, ina bhfaightear liosta sreabha breosla ar a bhfuil faireachán le déanamh, na modhanna trína scaoiltear sreabha breosla chun ídithe, úsáid (nó úsáidí) deiridh na sreibhe breosla arna scaoileadh chun ídithe lena n-áirítear an cód CRF, ar an leibhéal comhiomlánaithe atá le fáil, agus a chomhlíonann na critéir seo a leanas:
 - (i) beidh an tuairisc leormhaith chun a léiriú nach bhfuil bearnaí sonraí ann ná nach ndéantar comhaireamh dubailte ar na hastaíochtaí;
 - (ii) léaráid shimplí den fhaisnéis dá dtagraítear i bpointe (b), an chéad fhomhír, ina dtugtar tuairisc ar an eintiteas rialáilte, na sreabha breosla, na modhanna trína scaoiltear na breoslaí mar a shainítear in Airteagal 3(af) de Threoir 2003/87/CE chun ídithe, d'ionstraimí tomhais agus d'aon pháirt eile den eintiteas rialáilte atá ábhartha don mhodheolaíocht faireacháin lena n-áirítear gníomhaíochta sreafa sonraí agus gníomhaíochtaí rialaithe;
 - (iii) i gcás ina gcomhfhreagraíonn na heintitis rialáilte agus na sreabha breosla a chumhdaítear d'eintitis ar a bhfuil oibleagáidí tuairiscithe faoin reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoir 2003/96/CE nó 2009/30/CE agus do bhreoslaí atá faoi réir na reachtaíochta náisiúnta sin, léaráid shimplí ar na modhanna tomhais a úsáidtear chun críocha na ngníomhartha sin;
 - (iv) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar aon imeacht ón bplean faireacháin ó thús agus deireadh na bliana faireacháin i gcomhréir le hAirteagal 75j(2);
- (c) tuairisc ar an nós imeachta chun sannadh freagrachtaí faireacháin agus tuairiscithe a bhainistiú laistigh den eintiteas rialáilte, agus chun inniúlachtaí an phearsanra atá freagrach a bhainistiú;

- (d) tuairisc ar an nós imeachta le haghaidh meastóireacht thráthrialta ar oiriúnacht an phlean faireacháin, lena gcumhdaítear an méid seo a leanas ar a laghad:
 - (i) liosta na sreabh breosla a sheiceáil, iomláine a áirithiú agus go mbeidh gach athrú ábhartha ar chineál agus feidhmiú an eintiteas rialáilte curtha san áireamh sa phlean faireacháin;
 - (ii) measúnú a dhéanamh ar chomhlíontacht leis na tairseacha éiginnteachta le haghaidh méideanna breosla arna scaoileadh agus paraiméadair eile, i gcás inarb infheidhme, le haghaidh na leibhéil a chuirtear i bhfeidhm ar gach sreabh breosla;
 - (iii) measúnú a dhéanamh ar bhearta a d'fhéadfaí a dhéanamh le feabhas a chur ar an modheolaíocht faireacháin a chuirtear i bhfeidhm, go háirithe an modh chun an fachtóir raoin a chinneadh;
 - (e) tuairisc ar nósanna imeachta scríofa na ngníomhaíochtaí sreafa sonraí de bhun Airteagal 58, lena n-áirítear léaráid i gcás inarb iomchuí ar mhaithe le soiléiriú a thabhairt;
 - (f) tuairisc ar na nósanna imeachta scríofa le haghaidh na ngníomhaíochtaí rialaithe a bhunaítear de bhun Airteagal 59;
 - (g) i gcás inarb infheidhme, faisnéis agus naisc ábhartha idir gníomhaíocht an eintitis rialáilte a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE agus tuairisciú chun críoch cánach de bhun reachtaíocht náisiúnta lena dtrasuitear Treoracha 2003/96/CE agus (AE) 2020/262;
 - (h) uimhir leagain an phlean faireacháin agus an dáta ónarb infheidhme an leagan sin den phlean faireacháin;
 - (i) catagóir an eintitis rialáilte;
- (2) tuairisc mhionsonraithe ar na modheolaíochtaí ríomh-bhunaithe, arb é an méid seo a leanas atá iontu:
- (a) i gcás gach sreabh breosla a bhfuil faireachán le déanamh air, tuairisc mhionsonraithe ar an modheolaíocht ríomh-bhunaithe a chuirtear i bhfeidhm, lena n-áirítear liosta de shonraí ionchuir agus d'fhoirmlí ríomha a úsáidtear, na modhanna chun an fachtóir raoin a chinneadh, liosta de na leibhéil a chuirtear i bhfeidhm ar mhéideanna breosla arna scaoileadh, gach fachtóir ríomha ábhartha, an fachtóir raoin agus, ar an leibhéal comhiomlánaithe atá aitheanta, na cóid CRF agus úsáid(i) deiridh na sreibe breosla arna scaoileadh chun ídithe;
 - (b) i gcás ina bhfuil an t-eintiteas rialáilte ag beartú úsáid a bhaint as simpliú le haghaidh na sreabh breosla *de minimis*, catagóiriú ar na sreabha breosla ina sreabh breosla móra agus *de minimis*;
 - (c) tuairisc ar na córais tomhais a úsáidtear, agus ar a raon tomhais, éiginnteacht agus suíomh na n-ionstraimí tomhais atá le húsáid le haghaidh gach ceann de na sreabha breosla ar a bhfuil faireachán le déanamh;
 - (d) i gcás inarb infheidhme, na luachanna réamhshocraithe a úsáidtear le haghaidh fachtóirí ríomha lena dtugtar le fios foinse an fhachtóra, nó na foinse ábhartha, óna n-aisghabhfar an fachtóir réamhshocraithe go tréimhsiúil, le haghaidh gach ceann de na sreabha breosla;
 - (e) i gcás inarb infheidhme, liosta de na modhanna anailíse atá le húsáid chun na fachtóirí ríomha ábhartha uile a chinneadh le haghaidh gach ceann de na sreabha breosla, agus tuairisc ar na nósanna imeachta scríofa do na hanailísí sin;
 - (f) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta lena mínítear an plean samplála do shampláil na mbreoslaí a bhfuil anailís le déanamh orthu, agus an nós imeachta a úsáidtear chun oiriúnacht an phlean samplála a athbhreithniú;
 - (g) i gcás inarb infheidhme, liosta saotharlanna atá páirteach i nósanna imeachta anailíseacha ábhartha a chur i gcrích agus, i gcás nach bhfuil an tsaotharlann creidiúnaithe mar a thagraítear dó in Airteagal 34(1) tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun comhlíontacht a léiriú leis na ceanglais choibhéiseacha i gcomhréir le hAirteagal 34(2) agus (3);

- (3) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun a mheasúnú an bhfuil sreabha breoslaí bithmhaise i gcomhréir le hAirteagal 38(5) agus, i gcás inarb ábhartha, le hAirteagal 75m(2);
- (4) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun cainníochtaí bithgháis a chinneadh bunaithe ar thaifid cheannaigh i gcomhréir le hAirteagal 39(4);
- (5) i gcás inarb infheidhme, tuairisc ar an nós imeachta a úsáidtear chun faisnéis a thíolacadh mar a thuairiscítear in Airteagal 75v(3) agus chun faisnéis a fháil de bhun Airteagal 75v(2).;

(26) in Iarscríbhinn II, Roinn I, leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró (a bhaineann le 'breoslaí soladacha'):

'Breoslaí soladacha, gan dramhaíl a áireamh	An méid breosla [t]	± 7,5 %	± 5 %	± 2,5 %	± 1,5 %;
---	---------------------	---------	-------	---------	----------

(ii) cuirtear isteach an ró seo a leanas tar éis an tríú ró ('breoslaí soladacha'):

'Dramhaíl	An méid breosla [t]	± 7,5 %	± 5 %	± 2,5 %	± 1,5 %:
-----------	---------------------	---------	-------	---------	----------

(27) cuirtear an Iarscríbhinn IIa seo a leanas isteach:

'IARSCRÍBHINN IIa

Sainithe ar leibhéal le haghaidh modheolaíochtaí ríomh-bhunaithe i ndáil le heintitis rialáilte

1. SAINIÚ AR LEIBHÉIL LE HAGHAIDH MÉIDEANNA BREOSLA ARNA SCAOILEADH

Beidh feidhm ag na tairseacha éiginnteachta i dTábla 1 maidir le leibhéil atá ábhartha do cheanglais na méideanna breosla arna scaoileadh i gcomhréir le hAirteagal 28(1), pointe (a), agus Airteagal 29(2), an chéad fhomhír. Déanfar na tairseacha éiginnteachta a léirmhíniú mar éiginnteachtaí uasta is incheadaithe le haghaidh sreabha breosla a chinneadh i gcaitheamh tréimhse tuairiscithe.

Tábla 1

Leibhéil le haghaidh méideanna breosla arna scaoileadh (an éiginnteacht uasta is incheadaithe le haghaidh gach leibhéil)

Cineál sreibe breosla	Paraiméadar dá gcuirtear an éiginnteacht i bhfeidhm	Leibhéal 1	Leibhéal 2	Leibhéal 3	Leibhéal 4
-----------------------	---	------------	------------	------------	------------

Dóchán breoslaí

Breoslaí tráchtála caighdeánacha	Méid breosla [t] nó [Nm³] nó [TJ]	±7,5 %	± 5 %	±2,5 %	±1,5 %
Breoslaí gásacha agus leachtacha eile	Méid breosla [t] nó [Nm³] nó [TJ]	±7,5 %	± 5 %	±2,5 %	±1,5 %
Breoslaí soladacha	Méid breosla [t] nó [TJ]	±7,5 %	± 5 %	±2,5 %	±1,5 %

2. SAINMHÍNIÚ LEIBHÉAL LE HAGHAIDH FACHTÓIRÍ RÍOMHA AGUS AN FHACHTÓRA RAOIN

Déanfar eintitis rialáilte faireachán ar astaíochtaí CO₂ ó chineálacha uile breoslaí arna scaoileadh chun ídithe in earnálacha a liostaítear in Iarscríbhinn III a ghabhann le Treoir 2003/87/CE nó a áirítear i gcóras an Aontais faoi Airteagal 30j den Treoir sin agus sainmhínithe na leibhéal a leagtar síos sa roinn seo á n-úsáid.

2.1. Leibhéal le haghaidh fachtóirí astaíochta

I gcás ina gcinntear codán bithmhaise le haghaidh breosla measctha, bainfidh na leibhéil a shainítear leis an bhfachtóir astaíochta tosaigh. Le haghaidh breoslaí iontaise, bainfidh na leibhéil leis an bhfachtóir astaíochta.

Leibhéal 1: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte ceann amháin de na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) na fachtóirí caighdeánacha a liostaítear i roinn 1 d'Iarscríbhinn VI;
- (b) luachanna seasmhacha eile i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (e), i gcás nach bhfuil aon luach infheidhme i roinn 1 d'Iarscríbhinn VI.

Leibhéal 2a: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte fachtóirí astaíochta tírshonracha i bhfeidhm le haghaidh an bhreosla faoi seach i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointí (b) agus (c).

Leibhéal 2b: Díorthóidh an t-eintiteas rialáilte fachtóirí astaíochta don bhreosla bunaithe ar ghlanluach calrach le haghaidh cineálacha sonracha guail, in éineacht le comhghaolú eimpíreach mar a chinntear uair sa bhliain ar a laghad i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35 agus Airteagal 75m.

Áiritheoidh an t-eintiteas rialáilte go sásaítear leis an gcomhghaolú ceanglais dea-chleachtais innealtóireachta agus nach gcuirtear i bhfeidhm é ach maidir le luachanna na hathróige ionadaí a thagann isteach sa raon dá mbunaítear ina leith é.

Leibhéal 3: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte ceann amháin de na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) cinneadh an fhachtóra astaíochta i gcomhréir leis na forálacha ábhartha d'Airteagail 32 go 35;
- (b) an comhghaolú eimpíreach mar a shonraítear le haghaidh Leibhéal 2b, i gcás ina léiríonn an t-eintiteas rialáilte chun sástacht an údarais inniúil nach mó éiginnteacht an chomhghaolaithe eimpíreach ná 1/3 an luacha éiginnteachta nach mór don eintiteas rialáilte cloí leis maidir le cinneadh na méideanna breosla den bhreosla ábhartha arna scaoileadh.

2.2. Leibhéal le haghaidh fachtóirí coinbhéartúcháin aonaid

Leibhéal 1: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte ceann amháin de na nithe seo a leanas i bhfeidhm:

- (a) na fachtóirí caighdeánacha a liostaítear i roinn 1 d'Iarscríbhinn VI;
- (b) luachanna seasmhacha eile i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (e), i gcás nach bhfuil aon luach infheidhme i roinn 1 d'Iarscríbhinn VI.

Leibhéal 2a: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte fachtóirí tírshonracha i bhfeidhm le haghaidh an bhreosla faoi seach i gcomhréir le hAirteagal 31(1), pointe (b) nó (c).

Leibhéal 2b: Le haghaidh breoslaí a thrádáiltear go tráchtála úsáidfear an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid mar a dhíorthaítear ó na taifeadtaí ceannaigh le haghaidh an bhreosla faoi seach ar choinníoll gur díorthaíodh é bunaithe ar chaighdeán a bhfuil glacadh leo go náisiúnta nó go hidirnáisiúnta.

Leibhéal 3: Cinntfidh an t-eintiteas rialáilte an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35.

2.3. Leibhéal le haghaidh codán bithmhaise

Leibhéal 1: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte luach is infheidhme i bhfeidhm arna fhoilsiú ag an údarás inniúil nó ag an gCoimisiún, nó luachanna i gcomhréir le hAirteagal 31(1).

Leibhéal 2: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte modh meastacháin i bhfeidhm arna fhorghaolú i gcomhréir le hAirteagal 75m(3), an dara fómhír.

Leibhéal 3 a: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte anailísí i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 75m(3), an chéad fhomhír, agus i gcomhréir le hAirteagal 32 go 35.

I gcás ina nglacann eintiteas rialáilte le codán iontaise 100 % i gcomhréir le hAirteagal 39(1), ní shannfar aon leibhéal le haghaidh an chodáin bhithmhaise.

Leibhéal 3b: Le haghaidh breoslaí de thionscnamh próisis táirgthe ag a bhfuil sreabha ionchuir sainithe agus inrianaithe, d'fhéadfadh an t-eintiteas rialáilte an meastachán a bhunú ar mhaischothromaíocht carbóin iontaise agus bithmhaise a thagann isteach sa phróiseas agus a imíonn uaidh, amhail an córas cothromúcháin maise i gcomhréir le hAirteagal 30(1) de Threoir (AE) 2018/2001.

2.4. Leibhéal le haghaidh an fhachtóra raoin

Leibhéal 1: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte luach réamhshocraithe i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 75l(3) nó (4).

Leibhéal 2: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte modhanna i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 75l(2), pointí (e) go (g).

Leibhéal 3: Cuirfidh an t-eintiteas rialáilte modhanna i bhfeidhm i gcomhréir le hAirteagal 75l(2), pointí (a) go (d).;

(28) Leasaítear Iarscríbhinn III mar a leanas:

(a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘Modheolaíochtaí faireacháin le haghaidh na heitlíochta (Airteagal 53);

(b) i Roinn 2 cuirtear an méid seo a leanas in ionad Thábla 1:

‘Tábla 1

Fachtóirí CO₂ eitlíochta iontaise (fachtóirí astaíochta tosaigh)

Breosla	Fachtóir astaíochta (breosla t CO ₂ /t)
Gásailín eitlíochta (AvGas)	3,10
Gásailín scairdeitleáin (Jet B)	3,10
Ceirísín scairdeitleáin (Jet A1 nó Jet A)	3,16;

(29) Leasaítear Iarscríbhinn IV mar a leanas:

(a) Leasaítear Roinn 10 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír A:

‘A. Raon

Áireoidh an t-oibreoir na foinsí féideartha astaíochtaí CO₂ seo a leanas ar a laghad: cailcíníú aolchloiche, dolaimíte nó maignéisíte sna hamhábhair, carbón neamhcarbónáite in amhábhair, gnáthbhreoslaí iontaise le haghaidh áitheanna, breoslaí iontaise-bhunaithe malartach amhábhair malartacha iontaise le haghaidh áitheanna agus, breoslaí bithmhaise le haghaidh áitheanna (dramhaíl bhithmhaise) agus breoslaí eile.

I gcás ina n-úsáidtear aol dóite agus CO₂ a eascraíonn as an aolchloch le haghaidh próisis íonúcháin, ionas gurb ionann beagnach an méid CO₂ a nasctar arís, ní cheanglófar go gcuirtear dianscaoileadh na gcarbónáití chomh maith leis an bpróiseas íonúcháin san áireamh ar leithligh i bplean faireacháin na suiteála.;

- (ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír B:

B. Rialacha faireacháin sonracha

Déanfar faireachán ar astaíochtaí ó dhóchán i gcomhréir le roinn 1 den larscríbhinn seo. Déanfar faireachán ar astaíochtaí próisis ó charbónáití in amhábhair i gcomhréir le roinn 4 d'larscríbhinn II. Cuirfear carbónáití cailciam agus maignéisiam san áireamh i gcónaí. Cuirfear carbónáití eile agus carbón neamhcarbónáite san amhábhair san áireamh, aon uair a bhíonn siad ábhartha le haghaidh ríomh astaíochta.

Le haghaidh na modheolaíochta atá bunaithe ar ionchur, coigeartófar luachanna cion carbónáite le haghaidh chion taise agus chion ganga an ábhair. I gcás táirgeadh maignéise, cuirfear mianraí a bhfuil maignéisiam iontu seachas carbónáití san áireamh, de réir mar is iomchuí.

Seachnófar comhaireamh dúbailte nó easnaimh a leanann as ábhar a thugtar ar ais nó ábhar seach-chonaire. Agus Modh B á chur i bhfeidhm, measfar gur sreabh bhunaidh ar leithligh é deannach áithe aoil i gcás inarb ábhartha;

- (b) i Roinn 11, cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír B:

B. Rialacha faireacháin sonracha

Déanfar faireachán ar astaíochtaí ó dhóchán, lena n-áirítear glanadh gáis múcháin, i gcomhréir le roinn 1 den larscríbhinn seo. Déanfar faireachán ar astaíochtaí próisis ó amhábhair neamhcarbónáite, lena n-áirítear cóc, graifít agus deannach guail, i gcomhréir le roinn 4 d'larscríbhinn II. Áirítear leis na carbónáití atá le cur san áireamh CaCO_3 , MgCO_3 , Na_2CO_3 , NaHCO_3 , BaCO_3 , Li_2CO_3 , K_2CO_3 , agus SrCO_3 , ar a laghad Ní úsáidfear ach Modh A.

De mhaolú ar roinn 4 d'larscríbhinn II, beidh feidhm ag na sainmhínithe leibhéil seo a leanas le haghaidh fhachtóir astaíochta na n-amhábhair a bhfuil carbónáit iontu.

Leibhéal 1: Úsáidfear cóimheasa stócaiméadracha mar a liostaítear i roinn 2 d'larscríbhinn VI iad. Cinnfear ionacht na n-ábhar ionchuir ábhartha trí bhíthin dea-chleachtas tionscail.

Leibhéal 2: Déanfar cinneadh maidir le méid na gcarbónáití ábhartha i ngach ábhar ionchuir ábhartha i gcomhréir le hAirteagail 32 go 35.

De mhaolú ar roinn 4 d'larscríbhinn II le haghaidh an fhachtóra coinbhéartachta, ní bheidh ach leibhéal 1 amháin infheidhme le haghaidh astaíochtaí próisis uile ó amhábhair a bhfuil carbónáit iontu agus ó amhábhair nach bhfuil carbónáit iontu;

- (30) Leasaítear larscríbhinn V mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an teidil:

‘fosccheanglais leibhéil le haghaidh modheolaíochtaí ríomh-bhunaithe lena mbaineann suiteálacha chatagóir A dá dtagraítear in Airteagal 19(2), pointe (a), agus eintitis chatagóir A dá dtagraítear in Airteagal 75e(2), pointe (a), agus fachtóirí ríomha le haghaidh breoslaí tráchtála caighdeánacha a úsáideann suiteálacha chatagóir B agus C dá dtagraítear in Airteagal 19 (2), pointí (b) agus (c), agus eintitis chatagóir B dá dtagraítear in Airteagal 75e(2), pointe (b)‘;

- (b) Leasaítear Tábla 1 mar a leanas:

- (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tríú ró (maidir le ‘breoslaí soladacha’):

‘Breoslaí soladacha, gan dramhaíl a áireamh	1	2a/2b	2a/2b	Ní bhai-neann le hábhar	1	Ní bhai-neann le hábhar’;
---	---	-------	-------	-------------------------	---	---------------------------

- (ii) cuirtear an ró seo a leanas isteach tar éis an tríú ró (maidir le ‘breoslaí soladacha’):

‘Dramhaíl	1	2a/2b	2a/2b	Ní bhai-neann le hábhar	1	Ní bhai-neann le hábhar’;
-----------	---	-------	-------	-------------------------	---	---------------------------

(31) in Iarscríbhinn V, cuirtear an Tábla 2 seo a leanas leis:

Tábla 2

Leibhéil íosta le cur i bhfeidhm le haghaidh modheolaíochtaí ríomh-bhunaithe i gcás eintitis i gcatagóir A agus i gcás fachtóirí ríomha le haghaidh breoslaí tráchtála caighdeánacha le haghaidh eintitis rialáilte i gcomhréir le hAirteagal 75e(2), pointe (a)

An Cineál sreibe breosla	An méid breosla arna scaoileadh	Fachtóir coinbhéartúcháin aonaid	Fachtóir astaíochta (*)
Breoslaí tráchtála caighdeánacha	2	2a/2b	2a/2b
Breoslaí gásacha agus leachtacha eile	2	2a/2b	2a/2b
Breoslaí soladacha	1	2a/2b	2a/2b

(*) Baineann leibhéil le haghaidh an fhachtóra astaíochta leis an bhfachtóir astaíochta tosaigh. Le haghaidh ábhair mheasctha, cinnfear an codán bithmhaise ar leithligh. Beidh Leibhéal 1 ina leibhéal íosta le cur i bhfeidhm le haghaidh an chodáin bithmhaise i gcás eintitis i gcatagóir A agus i gcás breoslaí tráchtála caighdeánacha le haghaidh na n-eintiteas rialáilte uile i gcomhréir le hAirteagal 75e(2), pointe (a);

(32) in Iarscríbhinn VI, Roinn 1, Tábla 1, cuirtear an ró seo a leanas isteach tar éis an 47ú ró (maidir le 'Boinn chaite'):

'Dramhaíl chathrach (codán neamh-bhithmhaise)	91,7	Ní bhaineann le hábhar	IPCC 2006 GL;
---	------	------------------------	---------------

(33) Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Iarscríbhinn IX:

IARSCRÍBHINN IX

Sonraí agus faisnéis íosta atá le coinneáil i gcomhréir le hAirteagal 67(1)

Coinneoidh oibreoirí, oibreoirí aerárthaí agus eintitis rialáilte na nithe seo a leanas ar a laghad:

1. EILIMINTÍ COITEANNA LE HAGHAIDH SUITEÁLACHA, OIBREOIRÍ AERÁRTHAÍ AGUS EINTITIS RIALÁILTE

- (1) An plean faireacháin arna fhormheas ag an údarás inniúil;
- (2) Doiciméid lena dtugtar údar le roghnú na modheolaíochta faireacháin agus na doiciméid lena dtugtar údar le hathruithe ama agus neamh-ama modheolaíochtaí faireacháin agus, i gcás inarb infheidhme, leibhéil arna bhformheas ag an údarás inniúil;
- (3) Nuashonruithe ábhartha uile na bpleananna faireacháin faoina dtugtar fógra don údarás inniúil i gcomhréir le hAirteagal 15, agus freagraí an údaráis inniúil;
- (4) Nósanna imeachta uile i scríbhinn dá dtagraítear sa phlean faireacháin, lena n-áirítear an plean samplála i gcás inarb ábhartha, na nósanna imeachta le haghaidh ghníomhaíochtaí an tsreafa sonraí agus na nósanna imeachta le haghaidh gníomhaíochtaí rialaithe;
- (5) Liosta de leaganacha uile an phlean faireacháin a úsáideadh agus na nósanna imeachta gaolmhara uile;
- (6) Doiciméadacht na bhfreagrachtaí i ndáil le faireachán agus tuairisciú;
- (7) An measúnú riosca a rinne an t-oibreoir, an t-oibreoir aerárthaigh nó an t-eintiteas rialáilte, i gcás inarb infheidhme;
- (8) Na tuarascálacha feabhsaithe i gcomhréir le hAirteagal 69;
- (9) An tuarascáil astaíochta bhliantúil fhíoraithe;

(10) An tuarascáil fíorúcháin;

(11) Aon fhaisnéis eile a shainítear mar fhaisnéis a cheanglaítear chun an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil a fhíorú.

2. EILIMINTÍ SONRACHA LE HAGHAIDH SUITEÁLACHA FOINSE DÓ-AISTRITHE

(1) An cead astaíochtaí gás ceaptha teasa, agus aon nuashonrú air;

(2) Aon mheasúnú éiginnteachta, i gcás inarb infheidhme;

(3) Le haghaidh modheolaíochtaí ríomh-bhunaithe a chuirtear i bhfeidhm i suiteálacha:

(a) na sonraí gníomhaíochta a úsáideadh le haghaidh aon ríomh na n-astaíochtaí le haghaidh gach sreabh bhunaidh, catagóirithe de réir phróisis agus cineál breosla nó ábhair;

(b) liosta na luachanna réamhshocraithe uile a úsáideadh mar fhachtóirí ríomha, i gcás inarb infheidhme;

(c) tacar iomlán na dtorthaí samplála agus anailíse chun na fachtóirí ríomha a chinneadh;

(d) doiciméadacht maidir le nósanna imeachta neamhéifeachtacha uile a ceartaíodh agus gníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 64;

(e) aon toradh ó ghléasanna tomhais a chalabhrú agus a chothabháil.

(4) Le haghaidh modheolaíochtaí tomhasbhunaithe i suiteálacha, na heilimintí breise seo a leanas:

(a) doiciméadacht lena dtugtar údar le roghnú na modheolaíochta tomhasbhunaithe;

(b) na sonraí a úsáideadh le haghaidh anailís éiginnteachta na n-astaíochtaí ó gach foinse astaíochtaí, catagóirithe de réir phróisis;

(c) na sonraí a úsáideadh le haghaidh ríomhanna comhthacaíochta agus torthaí na ríomhanna;

(d) miontuairisc theicniúil ar an gcóras tomhais leanúnach lena n-áirítear doiciméadacht an fhormheasa ón údarás inniúil;

(e) sonraí loma agus comhiomlánaithe ón gcóras tomhais leanúnach, lena n-áirítear doiciméadacht ar athruithe le himeacht ama, an logleabhar maidir le tástálacha, agaí neamhfhónaimh, calabhrúcháin, seirbhísiú agus cothabháil;

(f) doiciméadacht ar aon athrú ar an gcóras tomhais leanúnach;

(g) aon toradh ó ghléasanna tomhais a chalabhrú agus a chothabháil;

(h) i gcás inarb infheidhme, an tsamhail chothromaíochta maise nó fuinnimh a úsáideadh chun na sonraí ionadacha a chinneadh i gcomhréir le hAirteagal 45(4) agus na toimhdí foluiteacha;

(5) I gcás ina gcuirtear modheolaíocht chúltaca dá dtagraítear in Airteagal 22 i bhfeidhm, na sonraí uile is gá astaíochtaí le haghaidh na bhfoinsí astaíochtaí agus na sreabh bunaidh dá gcuirtear an modheolaíocht sin i bhfeidhm a chinneadh, chomh maith le seachshonraí le haghaidh sonraí gníomhaíochta, fachtóirí ríomha agus paraiméadair eile a thuairisceofaí faoi mhodheolaíocht leibhéil;

(6) Le haghaidh táirgeadh alúmanam príomhúil, na heilimintí breise seo a leanas:

(a) doiciméadacht ar thorthaí ó fheachtais tomhais chun fachtóirí astaíochta a bhaineann go sonrach le suiteáil le haghaidh CF₄ agus C₂F₆ a chinneadh;

(b) doiciméadacht ar thorthaí chinneadh na éifeachtúlachta bailithe le haghaidh astaíochtaí éalaitheacha;

(c) na sonraí ábhartha uile maidir le táirgeadh alúmanam príomhúil, minicíocht agus ré na héifeachta anóidí nó sonraí maidir le róvoltas na héifeachta anóidí;

(7) Le haghaidh gníomhaíochtaí gabhála, iompair agus stórála geolaíche CO₂, i gcás inarb infheidhme, na heilimintí breise seo a leanas:

(a) doiciméadacht ar an méid CO₂ a d'install suiteálacha, a rinne stóráil gheolaíoch CO₂, sa choimpléasc stórála;

(b) sonraí brú agus teocht comhiomlánaithe go hionadaíoch ó líonra iompair;

- (c) cóip den chead stórála, lena n-áirítear an plean faireacháin formheasta, de bhun Airteagal 9 de Threoir 2009/31/CE;
- (d) na tuarascálacha a tiolacadh i gcomhréir le hAirteagal 14 de Threoir 2009/31/CE;
- (e) tuarascálacha maidir le torthaí na n-iniúchtaí a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 15 de Threoir 2009/31/CE;
- (f) doiciméadacht ar bhearta ceartaitheacha a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Threoir 2009/31/CE.

3. EILIMINTÍ SONRACHA LE HAGHAIDH GNÍOMHAÍOCHTAÍ EITLÍOCHTA

- (1) Liosta aerárthaí atá faoi úinéireacht, faoi léas nó a ligeadh amach ar léas, agus an fhianaise is gá le haghaidh iomláine an liosta sin; maidir le gach aerárthach an dáta nuair a chuirtear le haerloingeas an oibreora aerárthaigh nó nuair a bhaintear de;
- (2) Liosta eiltí a cumhdaíodh i ngach tréimhse tuairiscithe lena n-áirítear, le haghaidh gach eiltí, sainitheoir ICAO an dá aeradróm, agus an fhianaise is gá le haghaidh iomláine an liosta sin;
- (3) Sonraí ábhartha a úsáideadh chun ídiú breosla agus astaíochtaí a chinneadh;
- (4) Doiciméadacht ar an modheolaíocht le haghaidh bearnaí sonraí i gcás inarb infheidhme, an líon eiltí lenar tarlaíodh bearnaí sonraí, na sonraí a úsáideadh chun na bearnaí sonraí a dhúnadh, na háiteanna inar tharla siad, agus, i gcás inar sháraigh an líon eiltí ag a raibh bearnaí sonraí 5 % de na heiltí a tuairiscíodh, cúiseanna leis na bearnaí sonraí chomh maith le doiciméadacht ar ghníomhaíochtaí feabhais a rinneadh.

4. EILIMINTÍ SONRACHA LE HAGHAIDH EINTITIS RIALÁILTE

- (1) Liosta sreabh breosla i ngach tréimhse tuairiscithe agus an fhianaise is gá le haghaidh iomláine an liosta sin, lena n-áirítear catagóirí sreabh breosla;
 - (2) na modhanna trína scaoiltear na breoslaí mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af) de Threoir 2003/87/CE chun ídithe agus i gcás a bhfuil fáil air, cineálacha tomhaltóirí idirmheánacha, i gcás nach mbeadh ualach riaracháin díréireach ann mar gheall air;
 - (3) an cineál úsáide deiridh, lena n-áirítear cód CRF ábhartha na n-earnálacha deiridh ina n-ídítear an breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (af), de Threoir 2003/87/CE, ar leibhéal an chomhiomlánaithe atá le fáil;
 - (4) sonraí ábhartha a úsáideadh chun na méideanna breosla arna scaoileadh le haghaidh gach sreabh breosla a chinneadh;
 - (5) liosta luachanna réamhshocraithe a úsáideadh agus fachtóirí ríomha, i gcás inarb infheidhme;
 - (6) an fachtóir raoin le haghaidh gach sreabh breosla, lena n-áirítear sainathint gach earnála ídithe deiridh agus sonraí foluiteacha ábhartha uile le haghaidh an aitheantais sin;
 - (7) na leibhéil is infheidhme lena n-áirítear réasúnuithe le haghaidh imeacht ó na leibhéil is gá;
 - (8) tacar iomlán na dtorthaí samplála agus anailíse chun na fachtóirí ríomha a chinneadh;
 - (9) doiciméadacht maidir le nósanna imeachta neamhéifeachtacha uile a ceartaíodh agus gníomhaíocht cheartaitheach a rinneadh i gcomhréir le hAirteagal 64;
 - (10) aon toradh ó ghléasanna tomhais a chalabhrú agus a chothabháil;
 - (11) liosta suiteálacha chuig a scaoiltear breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3 (af) de Threoir 2003/87/CE chun ídithe, lena n-áirítear ainmneacha, seoladh agus uimhir cheada agus méideanna breosla arna scaoileadh a soláthraíodh do na suiteálacha sin le haghaidh na tréimhsí tuairiscithe.’;
- (34) Leasaítear Iarscríbhinn X mar a leanas:
- (a) Leasaítear Roinn 1 mar seo a leanas:
 - (i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (1):

‘(1) Sonraí lena sainithnítear an tsuiteáil, mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, agus a huimhir cheada uathúil cé is moite de shuiteálacha le haghaidh dramhaíl chathrach a loscadh;’

(ii) i mír (6), cuirtear an pointe (h) a leanas isteach:

‘(h) i gcás inar cineál dramhaíola é an tsreabh bhunaidh, na cóid dramhaíola ábhartha de bhun Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún (*).

(*) Cinneadh 2014/955/AE ón gCoimisiún an 18 Nollaig 2014 lena leasaítear Cinneadh 2000/532/CE a mhéid a bhaineann leis an liosta dramhaíola de bhun Threoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, (IO L 370, 30.12.2014, lch. 44).’;

(iii) i mír (9), cuirtear an pointe (c) seo a leanas isteach:

‘(c) i gcás inarb infheidhme, athróg ionadach le haghaidh luach fuinnimh ó bhreoslaí agus ábhair iontaise agus ó breoslaí agus ábhair bhithmhaise.’;

(b) Leasaítear Roinn 2 mar seo a leanas:

(i) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (8):

‘(8) Mais an bhreosla (i dtوناí) in aghaidh an chineáil breosla in aghaidh an phéire Stát, lena n-áirítear faisnéis maidir leis na nithe uile seo a leanas:

(a) Cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na bithbhreoslaí Airteagal 38(5);

(b) Cé acu an breosla eitlíochta incháilithe é an breosla nó nach ea;

(c) Le haghaidh breoslaí eitlíochta incháilithe, an cineál breosla mar a shainmhínítear in Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE;’;

(ii) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (9):

‘(9) Astaíochtaí CO₂ iomlána i dtوناí CO₂ agus an fachtóir astaíochta tosaigh á úsáid chomh maith leis an bhfachtóir astaíochta arna dhí-chomhiomlánú ag an mBallstát imeachta agus ag an mBallstát teachta, lena n-áirítear CO₂ ó bhithbhreoslaí nach gcomhlíonann Airteagal 38(5);’;

(iii) i mír (12), cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe (a):

‘(a) méid na mbithbhreoslaí a úsáideadh le linn na bliana tuairiscithe (i dtوناí) a liostaítear de réir cineál breosla, agus cé acu a chomhlíonann nó nach gcomhlíonann na bithbhreoslaí le hAirteagal 38(5);’;

(iv) cuirtear isteach an mhír (12a) seo a leanas:

‘(12a) Méid iomlán breoslaí eitlíochta incháilithe a úsáideadh le linn na bliana tuairiscithe (i dtوناí) a liostaítear de réir cineál breosla de réir Airteagal 3c(6) de Threoir 2003/87/CE;’;

(v) cuirtear an méid seo a leanas in ionad mhír (13):

‘(13) Mar iarscríbhinn a ghabhann leis an tuarascáil astaíochtaí bhliantúil, áireoidh an t-oibreoir aerárthaigh astaíochtaí bliantúla agus líonta eitiltí bliantúla in aghaidh an phéire aeradróm. Más infheidhme, sonrófar an méid breosla eitlíochta incháilithe (i dtوناí) in aghaidh an phéire aeradróm. Arna iarraidh sin don oibreoir caithfidh an t-údarás inniúil leis an bhfaisnéis sin mar fhaisnéis faoi rún.’;

(c) Scriostar Roinn 3;

(d) cuirtear an Roinn 4 seo a leanas isteach:

‘4. TUARASCÁLACHA ASTAÍOCHTA BLIANTÚLA NA n-EINTITEAS RIALÁILTE

Beidh an fhaisnéis seo a leanas ar a laghad i dtuarascáil astaíochta bhliantúil an eintitis rialáilte:

(1) Sonraí lena sainaithnítear an t-eintiteas rialáilte, mar a shonraítear in Iarscríbhinn IV a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, agus a uimhir cheada gás ceaptha teasa uathúil;

(2) Ainm agus seoladh fhóraitheoir na tuarascála;

(3) An bhliain tuairiscithe;

- (4) Tagairt don phlean faireacháin formheasta is déanaí agus a uimhir leagain agus an dáta óna bhfuil feidhm aige, chomh maith le tagairt d'aon phlean faireacháin ábhartha eile agus a n-uimhreacha leagain le haghaidh na bliana tuairiscithe;
- (5) Athruithe ábhartha in oibríochtaí an eintitis rialáilte agus athruithe chomh maith le himeachtaí sealadacha ón bplean faireacháin a tharla le linn na tréimhse tuairiscithe arna bhformheas ag an údarás inniúil; lena n-áirítear athruithe sealadacha nó buana ar leibhéil, na cúiseanna leis na hathruithe sin, an dáta tosaigh na n-athruithe, agus dátaí tosaigh agus deiridh na n-athruithe sealadacha;
- (6) Faisnéis le haghaidh na sreabha breosla uile ina bhfuil ar a laghad:
- (a) na hastaíochtaí iomlána a shloinntear mar t CO₂, lena n-áirítear CO₂ ó shreabha breoslaí bithmhaise nach gcomhlíonann Airteagal 38(5);
 - (b) na leibhéil a cuireadh i bhfeidhm;
 - (c) méideanna breosla arna scaoileadh, (a shloinntear mar thonaí, Nm³ nó TJ) agus an fachtóir coinbhéartúcháin aonaid, a shloinntear mar aonaid iomchuí, tuairiscithe ar leithligh, i gcás inarb infheidhme;
 - (d) fachtóirí astaíochta, a shloinntear i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 75f; codán bithmhaise, a shloinntear mar chodáin gan toisí;
 - (e) i gcás ina mbaineann fachtóirí astaíochta le haghaidh breoslaí le mais nó toirt in ionad fuinnimh, luachanna a chinntear de bhun Airteagal 75h(3) le haghaidh fhachtóir coinbhéartúcháin aonaid na sreabha breosla faoi seach;
 - (f) an modh trína scaoiltear an breosla chun ídithe;
 - (g) úsáid nó úsáidí deiridh na sreabha breosla arna scaoileadh chun ídithe lena n-áirítear an cód CRF, ar an leibhéal mionsonraí atá le fáil;
 - (h) an fachtóir raoin, a shloinntear mar chodán gan toise, suas le trí phointe deachúlach. I gcás ina n-úsáidtear níos mó ná modh amháin chun an fachtóir raoin a chinneadh le haghaidh sreabh breosla, an fhaisnéis maidir le cineál an mhodha, an fachtóir raoin a bhaineann leis, an méid breosla arna scaoileadh agus an cód CRF ar an leibhéal mionsonraí atá le fáil;
 - (i) i gcás inarb ionann an fachtóir raoin agus nialas de bhun Airteagal 75l(1):
 - (i) Liosta na n-eintiteas uile a chumhdaítear le Caibidlí II agus III de Threoir 2003/87/CE a shainaithnítear lena n-ainm, a seoladh agus, i gcás inarb infheidhme, a n-uimhir cheada uathúil;
 - (ii) Na méideanna breosla arna scaoileadh a soláthraíodh do gach eintiteas a chumhdaítear le Caibidlí II agus III de Threoir 2003/87/CE le haghaidh na tréimhse tuairiscithe ábhartha, a shloinntear mar t, Nm³, nó TJ, chomh maith leis na hastaíochtaí comhfhreagra.
- (7) Faisnéis atá le tuairisciú mar ítimí meabhráin, ina bhfuil an méid a leanas ar a laghad:
- (a) athróg ionadach le haghaidh ghlanluach calrach na sreabha breosla bithmhaise, i gcás inarb ábhartha;
 - (b) astaíochtaí, méideanna agus luach fuinnimh bithbhreoslaí agus bithleachtanna arna scaoileadh chun ídithe, a shloinntear in t agus TJ, agus faisnéis a léiríonn an gcomhlíonann nó nach gcomhlíonann bithbhreoslaí agus bithleachtanna den sórt sin Airteagal 38(5);
- (8) I gcás inar tharla bearnaí sonraí agus dúnadh le sonraí ionadacha iad i gcomhréir le hAirteagal 66(1):
- (a) an tsreabh breosla lena mbaineann gach bearna sonraí;
 - (b) na cúiseanna atá le gach bearna sonraí;
 - (c) dáta agus am tosaigh agus deiridh gach bearna sonraí;
 - (d) na hastaíochtaí a ríomhadh bunaithe ar shonraí ionadacha;
 - (e) i gcás nár áiríodh an modh meastacháin le haghaidh sonraí ionadacha sa phlean faireacháin fós, tuairisc mhionsonraithe ar an modh meastacháin lena n-áirítear fianaise nach mbíonn gannmheastachán ar astaíochtaí le haghaidh na tréimhse faoi seach mar thoradh ar an modheolaíocht a úsáideadh;
- (9) Aon athrú eile ar an eintiteas rialáilte le linn na tréimhse tuairiscithe lena mbaineann ábharthacht le haghaidh astaíochtaí gás ceaptha teasa an eintitis rialáilte sin le linn an bliana tuairiscithe.;

(35) cuirtear isteach na hlarscríbhinní seo a leanas:

'IARSCRÍBHINN Xa

**TUARASCÁLACHA AR SHOLÁTHRÓIRÍ BREOSLA AGUS ÚSÁID BREOSLA SUITEÁLACHA
DO-AISTRITHE AGUS, I gCÁS INARB ÁBHARTHA, OIBREOIRÍ AERÁRTHAÍ AGUS
CUIDEACHTAÍ LOINGSEOIREACHTA**

In éineacht leis an bhfaisnéis atá sa tuarascáil astaíochta bhliantúil de bhun Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo, tíolacfaidh an t-oibreoir tuarascáil ina mbeidh an fhaisnéis seo a leanas le haghaidh gach breosla a ceannaíodh mar a shainmhínítear in Airteagal 3(a) de Threoir 2003/87/CE:

- (a) ainm, seoladh agus uimhir cheada uathúil an tsoláthóra breosla atá cláraithe mar eintiteas rialáilte. I gcásanna nach eintiteas rialáilte é an soláthróir breosla, tíolacfaidh na hoibreoí, i gcás ina bhfuil fáil air, liosta soláthróirí breoslaí uile, ó sholáthróirí breosla suas go dtí an t-eintiteas rialáilte, lena n-áirítear a n-ainm, a seoladh agus a n-uimhir cheada uathúil;
- (b) na cineálacha agus na méideanna breoslaí a fuarthas ó gach soláthróir dá dtagraítear i bpointe (a) le linn na tréimhse tuairiscithe ábhartha;
- (c) an méid breosla a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE ó gach soláthróir breosla le linn na tréimhse tuairiscithe ábhartha.

IARSCRÍBHINN Xb

TUARASCÁLACHA AR BHREOSLAÍ ARNA SCAOILEADH Ó EINTITIS RIALÁILTE

In éineacht leis an bhfaisnéis atá sa tuarascáil astaíochta bhliantúil de bhun Iarscríbhinn X a ghabhann leis an Rialachán seo, tíolacfaidh an t-eintiteas rialáilte tuarascáil leis an bhfaisnéis seo a leanas le haghaidh gach breosla a ceannaíodh mar a shainmhínítear in Airteagal 3, pointe (a) de Threoir 2003/87/CE:

- (a) ainm, seoladh agus uimhir cheada uathúil an oibreora agus, i gcás inarb ábhartha, an oibreora aerárthaigh agus na cuideachta loingseoireachta, chuig a scaoiltear an breosla. I gcásanna ina bhfuil an breosla beartaithe le haghaidh úsáid deiridh in earnálacha a chumhdaítear le hlarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE, tíolacfaidh an t-eintiteas rialáilte, i gcás ina bhfuil fáil air, liosta na dtomhaltóirí uile breoslaí, ó cheannaitheoir díreach síos go dtí an t-oibreoir, lena n-áirítear a n-ainm, a seoladh agus a n-uimhir cheada uathúil, i gcás nach mbeadh ualach riaracháin díréireach ann mar gheall air;
- (b) na cineálacha agus na méideanna breoslaí a díoladh le gach ceannaitheoir dá dtagraítear i bpointe (a) le linn na tréimhse tuairiscithe ábhartha.
- (c) an méid breosla a úsáideadh le haghaidh gníomhaíochtaí dá dtagraítear in Iarscríbhinn I a ghabhann le Treoir 2003/87/CE le haghaidh gach ceannaitheora dá dtagraítear i bpointe (a) le linn na tréimhse tuairiscithe ábhartha.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2024.

Mar sin féin, beidh feidhm ag Airteagal 1, pointí (24), (25)(a)(iii), (25)(d), (27), (30)(a), (31), (33), (34)(d) agus (35) ón 1 Iúil 2024 ar aghaidh.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 12 Deireadh Fómhair 2023.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN